

**Treoirínite maidir le
Toghchán Mhéara Luimnigh ar an 7 Meitheamh
2024 [Iarrthóirí, Gníomhairí Toghcháin Méarachta
agus “Daoine Eile”]**



Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
6 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2
D02 W773

Teileafón: 01 6395666
R-phost: info@sipo.ie
Suíomh Gréasáin: www.sipo.ie
Twitter: [@SIPOCIreland](https://twitter.com/SIPOCIreland)

Bealtaine 2024

Clár na nÁbhar

Réamhrá.....	4
Faisnéis úsáideach	5
Dátaí ábhartha & teorainn caithimh.....	5
Ról an Choimisiúin	7
Comhairle.....	7
Athbhreithniú.....	7
Fiosrúchán.....	8
Sárú ar Acht 1997 a thuairisciú.....	8
Caibidil 1 – Iarrthóirí agus tríú páirtithe	9
1.1 Gníomhaire toghcháin méarachta a cheapadh	10
1.2 Síntiúis.....	11
1.3 Síntiúis thoirmiscithe	16
1.4 Cuntas síntiús polaitiúil a oscailt agus a chothabháil	20
1.5 Daoine a bhféadfadh caiteachas neamhúdaraithé a bheith á thabhu acu chun tacú le/cur i gcoinne iarrthóirí sa toghcháin	21
1.6 Na doiciméid reachtúla riachtanacha a chur ar fáil i ndiaidh an toghcháin	23
1.7 Aisíocaíocht ar chaiteachas toghcháin a éileamh.....	24
1.8 Cionta agus pionóis infheidhme maidir le hiarrthóirí ag an toghchán.....	26
Caibidil 2 - Gníomhairí Toghcháin Méarachta Iarrthóirí agus daoine eile.....	30
2.1 Gníomhaire toghcháin méarachta a cheapadh	31
2.2 Príomhfheidhmeanna gníomhaire toghcháin méarachta	32
2.3 Teorainneacha caithimh don toghchán	32
2.4 "An Tréimhse Toghcháin" - na dátaí lena mbaineann feidhm leis an teorainn caithimh	33
2.5 Daoine a bhféadfadh caiteachas neamhúdaraithé a bheith á thabhu acu chun tacú le nó cur i gcoinne iarrthóirí sa toghchán	33
2.6 Céard atá i gceist le caiteachas toghcháin?	35
2.7 Céard nach bhfuil i gceist le caiteachas toghcháin?	37
2.8 Caiteachas eile tabhaithe chun iarrthóireacht duine sa toghchán a éascú.....	40
2.9 Sonraisc a íoc le soláthraithe	40
2.10 Ráiteas Caiteachais Toghcháin a chur ar fáil i ndiaidh an toghcháin.....	40
2.11 Cionta agus pionóis infheidhme maidir le gníomhairí toghcháin méarachta ag an toghchán	42
Caibidil 3 – Treoir maidir le Nithe Áirithe	46
3.1 Ócáidí Tiomsaithe Airgid.....	46
3.2 Fógraíocht ar fheithiclí	48
3.3 Póstaeir loite nó dhamáistithe.....	49
3.4 Úsáid ball foirne a bhfuil a dtuarastail á n-íoc as cistí poiblí	49
3.5 Saorúsáid feithiclí.....	50

3.6 Cuntas a dhéanamh ar úsáid oifigí i rith na tréimhse toghcháin.....	50
Aguisín 1 - Sainmhínithe	52
Aguisín 2 Seicliosta.....	57

Réamhrá

1. Tá na Treoirlínte seo maidir le toghchán Mhéara Luimnigh i ndáil le hoibleagáidí iarrthóirí, gníomhairí toghcháin méarachta, tríú páirtithe agus “daoine eile” foilsithe ag an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí (“an Coimisiún um Chaighdeán”) faoi alt 4 d'Acht Toghcháin, 1997 (“Acht 1997”¹). Tá tagairtí le fáil sna Treoirlínte seo d'ailt ábhartha d'Acht 1997 chun cabhrú le hiarrthóirí crostagairt a dhéanamh idir na Treoirlínte agus na forálacha reachtacha ábhartha. Ba cheart go nglacfaí leis go dtagraíonn gach tagairt dá leithéid d'fhorálacha Acht 1997 (arna leasú), agus tagróidh aon tagairt d'fhorálacha aon achtaithe reachtúil eile go sonrach d'aon achtú eile dá leithéid.
2. Tá na Treoirlínte seo ceangailteach de réir dlí. É sin ráite, sa chás go bhfuil neamhréireacht idir na treoirlínte agus Acht 1997, tá Acht 1997 i réim.
3. Sna Treoirlínte seo clúdaítear príomhcheanglais na reachtaíochta thuasluaite a bhaineann le hiarrthóirí agus gníomhairí toghcháin méarachta i dtoghchán Mhéara Luimnigh in 2024 i ndáil le:
 - nochtadh síntiús polaitiúil;
 - teorainneacha ar luachanna síntiús a bhféadfaí glacadh leo;
 - síntiús thoirmiscthe;
 - teorainneacha ar chaitheamh toghcháin;
 - aisíocaíocht caiteachais toghcháin le hiarrthóirí cáilithe.

B'fhéidir gur mhaith le hiarrthóirí a thabhairt faoi deara go ndearna Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022, leasuithe éagsúla ar Acht 1997, leasuithe áirithe nach bhfuil tús curtha leo fós. De bhrí go mbaineann na Treoirlínte seo go sonrach le toghchán Mhéara Luimnigh 2024, déantar cur síos sna Treoirlínte ar an dlí a bhfuil tús curtha leis faoi láthair agus ní thagraítear d'fhorálacha a bhfuil tús le cur leo fós.

Ba cheart go mbeadh iarrthóirí airdeallach freisin ar fhorálacha Acht Rialtais Áitiúil (Méara Luimnigh) agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2024 (“Acht 2024”) i ndáil le haon ní nach mbaineann le raon na dTreoirlínte seo.

¹ Tagraíonn tagairt d'Acht 1997 d'Acht Toghcháin, 1997 arna leasú ag Acht Toghcháin (Leasú), 1998, an tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiús agus Caiteachas a Nochtadh), 1999, an tAcht Toghcháin (Leasú), 2001, an tAcht Rialtais Áitiúil, an tAcht Toghcháin (Leasú), 2002, an tAcht Rialtais Áitiúil (Uimh.2), 2003, an tAcht Toghcháin (Leasú), 2004, an tAcht Toghcháin (Leasú), 2005, an tAcht Toghcháin (Leasú), 2007, an tAcht Toghcháin (Leasú), 2009, an tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011, an tAcht Toghcháin (Leasú), 2011, an tAcht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta), 2012, Acht na Gaeltachta, 2021, an tAcht um Thoghchán, Rialtas Áitiúil agus Pleanáil agus Forbairt, 2013, an tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, an tAcht um an gCúirt Achomhairc, 2014, an tAcht Toghcháin (Leasú), 2015, an tAcht um Athchóiriú Toghcháin, 2022 agus an tAcht Rialtais Áitiúil (Méara Luimnigh) agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2024.

Faisnéis úsáideach

Polaitiúil cuntas síntiús	Nuair a fhaightear síntiús de €100 , ní mór d'iarrthóir cuntas síntiús polaitiúil a oscailt (mura bhfuil ceann oscailte cheana féin).
Airgead Tirim síntiús	Is é €200 an síntiús airgid uasta is féidir le hiarrthóir glacadh leis ó dheontóir in aon bhliain féilire.
Corparáideach deontóirí	Is é €200 an síntiús uasta is féidir le hiarrthóir glacadh leis in aon bhliain féilire ó dheontóir corparáideach mura bhfuil an deontóir corparáideach cláraithe i gClár na nDeontóirí Corparáideacha arna choimeád ag an gCoimisiún
Deontóirí aonair	<ul style="list-style-type: none"> Ní mór gach síntiús a fhaigheann iarrthóir atá níos mó ná €600 a nochtadh ar an Ráiteas Síntiús Is é €1,000 an síntiús uasta is féidir le hiarrthóir glacadh leis ó dheontóir in aon bhliain ar leith ó dhuine aonair nó ó dheontóir corparáideach
Síntiús do síntiús	Sa chás go dtugann deontóir síntiús do bheirt fhaighteoirí nó níos mó (comhaltaí iolracha den pháirtí céanna nó comhalta páirtí amháin nó níos mó agus an páirtí féin), a sháraíonn a luach comhiomlán €1,500 , ceanglaítear air/uirthi foirm síntiús a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoi alt 24(1)(a). Beidh feidhm le teorainneacha fós.
Síntiús thoirmisce	<ul style="list-style-type: none"> Aon síntiús a sháraíonn na teorainneacha thuasluaite Ní féidir glacadh le síntiús anaithnid níos mó ná €100 Ní féidir glacadh le síntiús choigríche, de luach ar bith, ach amháin ó shaoránach Éireannach nó ó ghnó a bhfuil oifig aige ar oileán na hÉireann óna bhfuil ceann amháin, ar a laghad, dá phríomhghníomhaíochtaí á reáchtáil.

Dátaí ábhartha & teorainn caithimh

8 Aibreán 2024 - 7 Meitheamh 2024	Tréimhse Toghcháin
22 Iúil 2024	Ní mór go mbeadh éilimh ar íocaíocht caiteachais toghcháin, ó sholáthraithe, faighte ag an ngníomhaire toghcháin méarachta faoin dáta seo
2 Lúnasa 2024	An dáta nach mór Ráitis Toghcháin a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán (baineann sé seo le hiarrthóirí a n-éiríonn leo agus le hiarrthóirí nach n-éiríonn leo)
2 Lúnasa 2024	An dáta nach mór d'iarrthóirí nach n-éiríonn leo a Ráitis Síntiús, Teastas maidir le Síntiús Airgid agus Ráitis Bhainc, a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeán.

€72,100	Teorainn caithimh do thoghchán mhéara Luimnigh
31 Eanáir 2025	An dáta nach mór do Mhéara Luimnigh a thuairisceáin bhliantúla, lena n-áirítear Ráitis Síntiús, Teastas maidir le Síntiús Airgid agus Ráitis Bhainc, a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin.
€18,500	Uasmhéid aisíocaíocht an chaiteachais toghcháin inlamhála is féidir le hiarrthóir cáilitheach a éileamh.

Ról an Choimisiúin

Comhairle

- Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin, faoi alt 4(6)(b) d'Acht 1997, comhairle a chur ar fáil maidir le comhlíonadh do dhaoine lena n-áirítear iarrthóirí agus gníomhairí toghcháin méarachta atá clúdaithe ag forálacha an Achta.
- Is féidir comhairle a lorg ón gCoimisiún um Chaighdeáin faoi aon fhoráil d'Acht 1997 nó faoi a leithéid d'fhoráil a chur i bhfeidhm in aon chás áirithe. Má tá amhras ar dhuine faoi aon ghné d'Acht 1997, ba cheart dó nó di teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin. Cuirtear comhairle ar fáil i scríbhinn (lena n-áirítear trí r-phost) nó trí fhiosrúcháin teileafóin a fhreagairt.
- Cuirtear comhairle ar fáil de rogha an Choimisiúin an Chaighdeáin. Cuimsítear sna cásanna nach féidir comhairle a chur ar fáil:
 - sa chás nach bhfuil faisnéis leordhóthanach ann chun comhairle a chur ar an iarrthóir;
 - sa chás go mbaineann an t-iarratas ar chomhairle ar ní atá lasmuigh de réimse saineolais an Choimisiúin um Chaighdeáin e.g. fiosrúcháin chuntasaíochta;
 - sa chás go mbaineann an t-iarratas ar chomhairle le ní atá á scrúdú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin.
- Molann an Coimisiún um Chaighdeáin gur cheart comhairle a lorg láithreach má thagann ní a bhaineann le héiginnteacht chun cinn. Tríd an méid sin a dhéanamh, tá níos lú seans ann go gcruthóidh an tsaincheist deacracht níos faide anonn.
- Ní mór do dhuine gníomhú de réir treoirlínte nó comhairle foilsithe nó tugtha ag an gCoimisiún um Chaighdeáin murab ionann a leithéid a dhéanamh agus foráil eile d'Acht 1997 a bheith á sárú.

Athbhreithniú

- Breithníonn an Coimisiún gach síntiús agus ráiteas toghcháin (mar aon leis na doiciméid thacaíochta) a chuirtear faoina bhráid.
- Sa chás go n-aimsíonn an Coimisiún mionearráid nó mioneamh i ráiteas, cuirfidh sé sonraí maidir leis an earráid nó easnamh ar fáil don duine a chuir an ráiteas ar fáil agus cuirfidh sé in iúl dó nó di gur féidir leis nó léi an earráid a cheartú nó an t-easnamh a chur ina cheart laistigh den tréimhse 14 lá ón dáta ar eisíodh an fógra.
- Sa chás, i ndiaidh dó ráiteas a bhreithniú, go bhfuil an Coimisiún um Chaighdeáin den tuairim go mb'fhéidir gur tharla sárú ar an reachtaíocht, ceanglaítear air fógra a thabhairt don duine a chuir an ráiteas ar fáil faoin sárú féideartha agus tugtar 14 lá dó nó di chun aon tuairim a d'fhéadfadh a bheith aige nó aici a chur ar fáil.
- Breithneoidh an Coimisiún um Chaighdeáin na tuairimí a chuir an duine sin ar fáil agus, má tá sé fós den tuairim gur tharla sárú ar an reachtaíocht, is í an staid reatha go gcuirfidh an Coimisiún

um Chaighdeáin tuarascáil faoin ní ar fáil, mar aon le haon doiciméad ábhartha, don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

Fiosrúchán

- Tá an Coimisiún um Chaighdeáin i dteideal cibé fiosrúchán a bhreithníonn sé atá oiriúnach a dhéanamh agus féadfaidh sé a cheangal ar aon duine aon fhaisnéis, doiciméad nó rud atá i seilbh an duine nó atá á sholáthar ag an duine a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón gCoimisiún um Chaighdeáin chun críche a chuid dualgas faoi reachtaíocht a chur ar fáil.
- Sa chás go mainneoidh ar dhuine ceanglas fiosrúcháin a chomhlíonadh laistigh de thréimhse ama réasúnach, féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin a threorú don duine an fiosrúchán a chomhlíonadh laistigh de thréimhse ama ar leith. Níl faisnéis a chuireann duine ar fáil mar chuid de threoir inghlactha in imeachtaí i gcoinne an duine sin mar gheall ar chion.
- Is ionann mainneachtain treoir de chuid an Choimisiúin a chomhlíonadh agus cion.
- I gcás go gcúisítear duine i gcion a bhaineann le mainneachtain treoir ón gCoimisiún a chomhlíonadh, is modh cosanta é a thaispeáint nach raibh an fhaisnéis, doiciméad nó rud ar ábhar na treorach é nó í, i seilbh nó á rialú ag an duine sin agus nach raibh sé indéanta le réasún don duine sin an treoir a chomhlíonadh.

Sárú ar Acht 1997 a thuairisciú

- I gcás inar mian le duine faisnéis maidir le sárú féideartha Acht 1997 a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, déanann sé nó sí amhlaidh trí theagmháil a dhéanamh le Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin ag info@sipo.ie. Admhófar agus athbhreithneofar tuarascálacha ar fhaisnéis. D'fhéadfadh an Coimisiún um Chaighdeáin a leithéid de thuarascálacha a chur san áireamh ina bhreithniú maidir le cibé acu ar cheart nó nár cheart dó a chumhachtaí a fheidhmiú faoi Acht 1997.
- Ní fhoráiltear in Acht 1997 do shásra gearán maidir le sárú féideartha Acht 1997. Ní chuirfear tuairisceoirí faisnéise ar fáil le toradh bhreithniúcháin an Choimisiúin um Chaighdeáin.
- Sa chás go bhféadfadh foráil d'Acht 1997 a bheith sáraithe ag duine sonraithe, de réir bhrí alt 4 d'Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, féadfaidh duine gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin faoi Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, agus déileálfar lena leithéid de réir phróiseas gearán eitice an Choimisiúin um Chaighdeáin.

Caibidil 1 – Iarrthóirí agus tríú páirtithe

Seo a leanas na príomh-shaincheisteanna ar cheart d'iarrthóirí a bheith airdeallach orthu chun a chinntiú go bhfuil ceanglais na reachtaíochta á gcomhlíonadh.

- 1.1. Gníomhaire toghcháin méarachta a cheapadh
- 1.2. Síntiúis
- 1.3. Síntiúis Thoirmiscthe
- 1.4. Cuntas síntiús polaitiúil a oscailt agus a chothabháil
- 1.5. Daoine a bhféadfadh caiteachas neamhúdraithe a bheith á thabhu acu
- 1.6. Na doiciméid reachtúla riachtanacha a chur ar fáil
- 1.7. Aisíocaíocht ar chaiteachas toghcháin a éileamh
- 1.8. Cionta agus pionóis

1.1 Gníomhaire toghcháin méarachta a cheapadh

- 1.1.1 Ní mór do gach iarrthóir gníomhaire toghcháin méarachta a cheapadh, é nó í féin nó duine éigin eile [Alt 99(1)(a)]. Is ionann gníomhaire toghcháin méarachta, chun críche an Achta seo, agus an duine a bheidh freagrach as cuntas a dhéanamh ar chaiteachas ar fheachtas an iarrthóra. Ní gá gurb ionann an gníomhaire toghcháin méarachta ceaptha faoin Acht agus an duine a d'fhéadfaí a cheapadh chun a bheith i láthair thar ceann an iarrthóra ag eisiúint na bpáipéar ballóide, ag stáisiúin vótála, ag oscailt boscaí ballóide poist agus ag comhairleamh vótaí. Féadfaidh iarrthóirí nó an gníomhaire toghcháin méarachta 'gníomhairí' cúnta ar leith a cheapadh chun na gcríoch seo (mír 31 de Sceideal 2 le hAcht 2024).
- 1.1.2 Féadfaidh iarrthóir feidhmiú mar a g(h)níomhaire toghcháin méarachta féin [Alt 99(1)(b)]. Mura dtugann iarrthóir fógra do Cheann Comhairimh an Mhéara faoi cheapachán gníomhaire toghcháin méarachta faoin spriocdháta chun aistarraingt mar iarrthóir, glacfar leis go bhfuil sé nó sí ag feidhmiú mar a g(h)níomhaire toghcháin méarachta féin [Alt 99(1)(c)]. Chomh maith leis sin, ceanglófar ar iarrthóir atá ag feidhmiú mar a g(h)níomhaire toghcháin méarachta féin forálacha an Achta a chomhlíonadh a bhaineann le gníomhairí toghcháin méarachta [Alt 99(8)] (féach Caibidil 2).
- 1.1.3 Go idéalach, ba cheart gníomhaire toghcháin méarachta iarrthóra a cheapadh sula dtabhaítear aon chaiteachas toghcháin. Má thabhaítear caiteachas toghcháin sula gceaptar gníomhaire toghcháin méarachta, ní mór don iarrthóir sonraí a roinnt leis an ngníomhaire toghcháin méarachta maidir le haon chaiteachas dá leithéid i dteannta le gach sonrasc/admháil ábhartha [Alt 101(6)]. Is cion é mainneachtain comhlíonadh a dhéanamh.
- 1.1.4 Ba cheart d'iarrthóir breithniú cúramach a dhéanamh ar ghníomhaire toghcháin méarachta a cheapadh. Ní mór go mbeadh an gníomhaire toghcháin méarachta in ann cuntais a choimeád go compordach. Ní mór dó nó di taifid chúí a choimeád ar gach idirbheart a bhaineann le caiteachas ar fheachtas toghcháin an iarrthóra agus admhálacha, sonraisc nó dearbháin a choimeád chun críche cigireachta, agus taispeáint phoiblí, á déanamh ag an gCoimisiún um Chaighdeáin.
- 1.1.5 Ní mór don iarrthóir eolas a roinnt leis an gCeann Comhairimh Méarachta don dáilcheantar, i scríbhinn, maidir le hainm an ghníomhaire toghcháin méarachta agus seoladh oifig an ghníomhaire. Ní mór é seo a dhéanamh tráth nach déanaí ná an lá deiridh a nglactar le hainmniúcháin don toghchán, 12 meán lae, 18 Bealtaine 2024 [Alt 99(1)(a)(ii)].

Tabharfaidh an Ceann Comhairimh Méarachta, a luaithe agus is féidir, fógra don Choimisiún i scríbhinn agus fógra poiblí maidir le hainm agus seoladh gach gníomhaire toghcháin méarachta a cheaptar nó a mheastar a bheith ceaptha faoin alt seo. Cuirfidh an Ceann Comhairimh Méarachta eolas maidir le hainm agus seoladh an ghníomhaire toghcháin méarachta ceaptha ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin. Ní mór d'iarrthóirí a chinntiú gurb é an duine ar tugadh fógra maidir leis nó léi don Cheann Comhairimh an duine atá beartaithe aige nó aici a ainmniú mar a g(h)níomhaire toghcháin méarachta (i.e., an duine a bheidh freagrach as cuntas a dhéanamh ar chaiteachas ar fheachtas an

iarrthóra). Glacfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin le Ráiteas Caiteachais Toghcháin díreach ón duine ar thug an Ceann Comhairimh fógra maidir leis nó léi mar ghníomhaire toghcháin méarachta an iarrthóra.

1.1.6 Féadfaidh gníomhaire toghcháin méarachta iarrthóra daoine eile a údarú, lena n-áirítear an t-iarrthóir, chun caiteachas a thabhtú nó chun íocaíochtaí a dhéanamh i ndáil le feachtas an iarrthóra. Tá duine atá údaraithe ar an tslí seo i dteideal caiteachas a thabhtú nó díreach íocaíochtaí a dhéanamh laistigh den teorainn airgeadais shonrach atá leagtha síos ag an ngníomhaire toghcháin méarachta [Alt 101(3)]. Níl cead ach ag gníomhaire toghcháin méarachta iarrthóra nó duine atá údaraithe ag gníomhaire toghcháin méarachta an iarrthóra caiteachas a thabhtú nó íocaíochtaí a dhéanamh a bhaineann le feachtas toghcháin an iarrthóra [Alt 101(3)]. Ní mór don ghníomhaire toghcháin méarachta cuntas a dhéanamh ar a leithéid de chaiteachas nó d'íocaíochtaí ina dhiaidh sin.

1.1.7 Féadfaidh iarrthóir, ag am ar bith, ceapachán gníomhaire toghcháin méarachta a chúlghairm (lena n-áirítear a c(h)eapachán féin mar ghníomhaire toghcháin méarachta) [Alt 99(2)]. Sa chás go bhfuil ceapachán gníomhaire toghcháin méarachta cúlghairthe, ní mór don iarrthóir fógra a thabhairt don Cheann Comhairimh Méarachta, i scríbhinn, faoi ainm agus seoladh an ghníomhaire toghcháin méarachta nua [Alt 99(5)] (lena n-áirítear sonraí an iarrthóra má tá sé beartaithe aige nó aici gníomhú mar a g(h)níomhaire toghcháin méarachta féin [Alt 99(1)(b)]).

Ansin ní mór don Cheann Comhairimh Méarachta fógra a chur chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin, i scríbhinn, faoin athrú a bhaineann leis an ngníomhaire toghcháin méarachta agus a s(h)onraí teagmhála.

Ní féidir leis an gCoimisiún um Chaighdeáin glacadh le Ráiteas Caiteachais Toghcháin (RCT) murab ionann an gníomhaire toghcháin méarachta a d'fhógair an Ceann Comhairimh agus ainm an ghníomhaire toghcháin méarachta ar an RCT.

1.2 Síntiúis

(a) Taifead de shíntiúis a choimeád

1.2.1 Is ar an iarrthóir atá an ceanglas ceanglais an Achta maidir le taifeadadh agus nochtadh síntiúis a chomhlíonadh. Tá sé tábhachtach, dá réir sin, go gcoimeádann iarrthóirí taifead ar shíntiúis faighte i ndáil leis an toghchán chun críche Ráiteas Síntiúis a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin i ndiaidh an toghcháin (féach alt 1.7). Ba cheart go mbeadh ainm, seoladh, cur síos, saoránacht agus seoladh poist an deontóra ar eolas ag iarrthóirí, mar aon leis an dáta a bhfuarthas an síntiúis, cibé acu ar lorgaíodh nó nár lorgaíodh an síntiúis (agus ainm agus seoladh an duine a lorg an síntiúis) agus cibé acu ar eisíodh nó nár eisíodh admháil i ndáil leis an síntiúis (agus dáta na hadmhála agus ainm eisitheoir na hadmhála más cuí) [Alt 95(1)].

1.2.2 Chomh maith leis sin, tá an t-iarrthóir freagrach as a chinntiú nach bhfuil síntiúis ar ghlac sé nó sí leo toirmisceithe faoin Acht (féach alt 1.4). Baineann tábhacht ar leith leis seo sa chás go bhfaightear síntiúis ar líne. Sa chás go bhfuil iarrthóir ag glacadh le síntiúis trí shuíomh gréasáin, ní mór dó nó di a chinntiú gur féidir leis foinse an tsíntiúis a shainaithint i gceart

agus nach bhfuil sé nó sí toirmisceithe ó ghlacadh le síntiús ón deontóir. Chomh maith leis sin, tá sé tábhachtach chun críche noхта agus chun críche cloí leis an uasteorainn ghlactha, go bhfuil córas i bhfeidhm ag an iarrthóir chun gach síntiús ón deontóir céanna a chomhiomlánú (trí chárta creidmheasa, cárta dochair etc.) agus/nó faighte ar bhealach eile.

1.2.3 Comhairlíonn an Coimisiún, sa chás go bhfuil seirbhís slua-chistithe in úsáid ag iarrthóir, gur cheart a shoiléiriú do dheontóirí nach gceadaítear glacadh le síntiúis thoirmiscthe. D'fhéadfadh an t-iarrthóir iarracht a dhéanamh oibriú leis an tseirbhís chun bearta a bhunú chun tacú leis seo.

(b) Céard é síntiús?

1.2.4 Cuimsítear i síntiús, mar a shainmhínítear san Acht [Alt 93(1)], aon ranníocaíocht tugtha laistigh nó lasmuigh den Stát chun críocha polaitiúla ag aon duine (lena n-áirítear fochuideachta a bhfuil oifig lasmuigh den Stát aici), d'aon chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas; Méara Luimnigh; feisire de Pharlaimint na hEorpa; iarrthóir i dtoghchán Dála, Seanaid, Mhéara Luimnigh, Eorpach nó Uachtaránachta; gníomhaire toghcháin uachtaránachta; tríú páirtí; páirtí polaitíochta nó fo-aonad de pháirtí polaitíochta (e.g. gach brainse, aonad cuntasáíochta, cumann, Dáilcheantar Comhairle nó aon fho-aonad eile de pháirtí, etc.), agus cuimsítear ann gach ceann nó aon cheann díobh seo a leanas, eadhon:

- síntiús airgid;
- aon síntiús maoiné nó earraí, e.g. síntiús chomhchineáil;
- saorúsáid maoiné nó earraí gan íocaíocht in airgead nó íocaíocht chomhchineáil - soláthar seirbhísí saor in aisce gan íocaíocht airgid nó íocaíocht chomhchineáil;
- an difríocht idir an gnáthphraghas tráchtála agus an praghas (is ísle) gearrtha le haghaidh ceannach, sealbhú nó úsáid maoiné nó earraí, nó soláthar aon seirbhíse, sa chás go bhfuil an praghas, táille nó comaoin eile níos ísle ná an gnáthphraghas tráchtála (d'fhéadfadh íasacht curtha ar fáil ag tríú páirtí nó ag institiúid airgeadais de réir téarmaí agus coinníollacha atá níos fabhraí ná na téarmaí agus coinníollacha curtha ar fáil ag institiúid airgeadais do dhaoine aonair eile i ngnáthchúrsa gnó a bheith i gceist anseo);
- ranníocaíocht curtha ar fáil ag duine d'ócáid tiomsaithe airgid eagraithe chun críche airgead a thiomsú d'iarrthóir nó do pháirtí polaitíochta. Glactar leis gurb ionann an síntiús agus an brabús glan ón ócáid. Glactar leis go bhfuil síntiúis faighte ar dháta iarbhír na hócáide tiomsaithe airgid (seachas nuair a fuarthas an síntiús). Tá sé seo mínithe go mion i gCaibidil 3:
- íocaíocht déanta ag duine ar a s(h)on féin, nó ar son duine amháin níos mó ná duine amháin, de tháille nó síntiús le haghaidh ballraíochta nó ballraíochta leanúnaí i bpáirtí polaitíochta (san áireamh i dtáillí ballraíochta tá aon táille/tobhach/síntiús ballraíochta íochta le haon fho-aonad de pháirtí polaitíochta);

1.2.5 Is éard atá i gceist le síntiúis bharúlacha nó síntiúis chomhchineáil nuair a íocann duine/eagraíocht as obair/caiteachas as a (h)acmhainní féin (i.e. ní cistí páirtí) agus glactar leis seo mar shíntiús a bhaineann le luach/costas barúlach na hoibre/an chaiteachais. Tá síntiúis chomhchineáil nó síntiúis bharúlacha le luacháil ag an ngnáthphraghas tráchtála a

mhuirearaítear do cheannach, úsáid nó éadail na maoiné nó na n-earraí nó soláthar aon seirbhíse deonaithe.

1.2.6 Glacfar le síntiús tugtha d'iarrthóir i dtoghchán mhéara Luimnigh trí idirghabhálaí, gníomhaire nó duine éigin eile atá ag feidhmiú ar son an iarrthóra mar shíntiús atá tugtha don iarrthóir go díreach, mura dtugtar an síntiús do pháirtí polaitíochta ar ball dó é nó í agus mura bhfaigheann an t-iarrthóir admháil i scríbhinn; sa chás sin glactar leis an síntiús mar shíntiús don pháirtí polaitíochta [Alt 22(2)(c)(ii)].

1.2.7 Má thugann an duine céanna níos mó ná síntiús amháin do Bhall, iarrthóir, fo-aonad nó páirtí polaitíochta, ní mór go mbeadh luachanna na síntiús comhiomlánaithe agus ní mór caitheamh leo mar shíntiús amháin chun críche aird a thabhairt ar na teorainneacha nocha agus glactha uasta a bhaineann le síntiús. [Alt 22(2)(d)]

1.2.8 Má thugann níos mó ná ball amháin den teaghlach céanna, nó den ghrúpa céanna, síntiús don Bhall céanna, Méara Luimnigh, iarrthóir nó gníomhaire toghcháin méarachta, fo-aonad nó páirtí polaitíochta, lena n-áirítear sa chás go ndéantar síntiús airgid ó chomhchuntas in institiúid airgeadais, ní mór a shoiléiriú gur síntiús ar leithligh iad seo ó gach duine aonair/páirtí lena mbaineann. Seachas sin, ní mór luachanna na síntiús a chomhiomlánú agus caitheamh leo mar shíntiús aonair chun críocha nocha agus chun críche aird a thabhairt ar an teorainn uasta a bhaineann le glacadh le deontais.

Ar an gcuma chéanna, má thugann cuideachta agus aon cheann dá stiúrthóirí síntiús don Bhall céanna, iarrthóir nó gníomhaire toghcháin méarachta, fo-aonad nó páirtí polaitíochta, ba cheart a shoiléiriú gur síntiús ar leithligh iad seo. I gcásanna den sórt sin, féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeán fianaise a lorg gur ó eintitis dhlíthiúla aonair a tháinig na síntiús. I ngach cás, ní mór don ghníomhaire toghcháin méarachta agus/nó iarrthóir, fo-aonad nó páirtí polaitíochta, cibé fiosrúchán agus is gá a dhéanamh chun cinneadh a dhéanamh maidir le foinsé an tsíntiús.

1.2.9 Glacfar le síntiús tugtha d'iarrthóir i dtoghchán mhéara Luimnigh trí idirghabhálaí, gníomhaire nó duine éigin eile atá ag feidhmiú ar son an iarrthóra mar shíntiús atá tugtha don iarrthóir go díreach, mura dtugtar an síntiús do pháirtí polaitíochta ar ball dó é nó í. Sa chás seo, ní mór don iarrthóir admháil i scríbhinn a fháil ionas gur féidir glacadh leis an síntiús mar shíntiús don pháirtí polaitíochta [Alt 22(2)(c)(ii)].

1.2.10 D'fhéadfadh aon cheann díobh seo a leanas a bheith i gceist le "duine" [Alt 2(1)]:

- duine aonair;
- comhlacht corparáideach (e.g., cuideachta phoiblí nó phríobháideach) nó aon fho-chomhlacht a bhaineann lena leithéid.
Sa chás go bhfaightear síntiús ó chuideachtaí comhlachaithe ba cheart don iarrthóir a fháil amach ó na deontóirí cibé acu an fochuideachta nó nach fochuideachta den chuideachta eile atá i gceist;
- comhlacht neamhchorpraithe de dhaoine, e.g., páirtí polaitíochta, comhpháirtíocht, cumann cónaitheoirí, grúpa stocaireachta.

Cuimsítear sa sainmhíniú ar "deontóir corparáideach" [Alt 22(2)(aa)]:

- comhlacht corparáideach;

- comhlacht neamhchorpraithe daoine; nó
- iontaobhas a thugann síntiús. Glactar leis gurb ionann comhlacht corparáideach agus aon fhochomhlacht de sin mar dhuine amháin.

1.2.11 Ní mór síntiús lena mbaineann luach, nó síntiús ón duine céanna lena mbaineann luach comhiomlán de níos mó ná **€600** a nochtadh [Alt 24(4)]. Sa chás go dtugann an duine céanna níos mó ná deontas amháin d'iarrthóir i ndáil leis an toghchán, ní mór luachanna na síntiús a chomhiomlánú agus déileáil leo mar shíntiús aonair chun críocha nochta [Alt 22(2)(d)].

1.2.12 San áireamh i síntiús tugtha d'iarrthóir freisin tá airgead tugtha ag a p(h)áirtí polaitíochta d'iarrthóir [Alt 22(2)(b)(vi)].

(c) Céard nach nglactar leis mar shíntiús?

1.2.13 Cuimsítear sna míreanna nach nglactar leo mar shíntiús d'iarrthóir [Alt 22(2)(b)]:

- seirbhís saorpoist curtha ar fáil ag An Post d'iarrthóirí [Alt 22(2)(b)(i)];
- agus íocaíocht, seirbhís nó saoráid curtha ar fáil don iarrthóir as cistí nó airgead poiblí ar an gcoinníoll go bhfuil institiúid de chuid na gComhphobal Eorpach nó eagraíocht idir-rialtasach eile ar páirt inti an Stáit, de bhua na reachtaíochta sonraithe, ar an mbonn gurb ionann an t-iarrthóir agus:
 - ionadaí i bParlaimint na hEorpa;
 - comhalta de Dháil nó de Sheanad Éireann;
 - sealbhóir d'oifig nó de phost cáilithe;
 - sealbhóir d'oifig thofa nó d'oifig phoiblí eile; nó
 - ball de, tosaire nó ionadaí i gcomhlacht bunaithe ag nó faoi chomhaontú nó socrú ar páirtí ann an Stát;
 - Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhfuil feidhm leis an bhforáil seo ach amháin nuair atá an t-iarrthóir i dteideal, de bhua a p(h)oist nó a (h)oifige, úsáid a bhaint as na seirbhísí/na saoráidí a chuirtear ar fáil as cistí poiblí. Meabhraítear do shealbhóirí oifige tofa/poiblí go bhfuil na saoráidí a chuirtear ar fáil dóibh, e.g. clúdaigh litreach réamhíochta, stáiseanáireacht, cóiríocht oifige, teileafóin, etc. díreach dá n-úsáid féin agus nach mór cuntas a dhéanamh ar úsáid chun críocha toghcháin de réir Chaibidil 3 de na treoirlínte seo.
 - seirbhís saor in aisce curtha ar fáil ag duine aonair, lena n-áirítear úsáid a bhaint as mótarfeithicil an duine aonair, teileafón príobháideach, etc., sa chás nach ionann an tseirbhís a chuirtear ar fáil agus cuid d'obair nó gnó an duine aonair agus ar an gcoinníoll nach bhfuil an duine aonair á íoc, go díreach nó go hindíreach, ag aon duine eile don tseirbhís sin nó chun soláthar na seirbhíse a éascú.
 - Pointe tábhachtach is ea go mbaineann an tagairt san fhoráil áirithe seo den Acht, Alt 22(2)(b)(iii)(I), le duine aonair agus leis an úsáid a bhaineann duine aonair as mótarfeithicil duine aonair (aonarach). Má chuireann duine aonair níos mó ná feithicil amháin ar fáil, féadfar glacadh le feithiclí breise mar shíntiús agus mar chaiteachas toghcháin. Má chuirtear feithicil atá faoi úinéireacht cuideachta, comhpháirtíochta, gnó etc., ar fáil d'iarrthóir, ní nglactar léi mar sheirbhís saor in aisce atá curtha ar fáil ag duine aonair. I

gcásanna dá leithéid, glactar le húsáid na feithicle mar shíntiús agus mar chaiteachas toghcháin. Ní mór an costas tráchtála a bhaineann le feithicil den chineál céanna a fhrúiliú i gcomhair tréimhse den chineál céanna a oibriú amach chun críoch a luach a nochtadh mar shíntiús agus chun críocha a úsáid a nochtadh i rith na tréimhse toghcháin, mar chaiteachas toghcháin [Alt 22(2)(b)(iii)(I)];

- seirbhís curtha ar fáil ag toghchán ag fostaí páirtí polaitíochta (seachas duine aonair atá fostaithe ag fo-eagraíocht den pháirtí sin ag a bhfuil oifig lasmuigh den Stát), lena n-áirítear úsáid a bhaint as mótarfheithicil an duine aonair, sa chás go n-íoctar luach saothair an fhostaí as acmhainní an pháirtí nó as cistí poiblí agus sa chás nach bhfuil an fostaí ag fáil aon luacha saothair nó sochar comhchineáil eile seachas a g(h)náthluach saothair (lena n-áirítear aisghabháil caiteachais) don tseirbhís sin [Alt 22(2)(b)(iii)(II)];
- gnáthchlúdach na meán agus tarchur ar raidió nó ar theilifís de chraoladh thar ceann an iarrthóra [Alt 22(2)(b)(iv) &(v)]; [Ní chlúdaítear anseo aon léiriú, nó aon chostas eile a bhaineann lena leithéid de chraoladh.];
- caiteachas tabhaithe nó íocaíochtaí déanta ag páirtí polaitíochta thar ceann comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó ionadaí i bParlaimint na hEorpa, seachas síntiús airgid [Alt 22(2)(b)(vi)];
- caiteachas toghcháin tabhaithe ag páirtí polaitíochta thar ceann iarrthóra fíordheimhnithe ag an bpáirtí polaitíochta ag toghchán Dála nó Eorpach nó cistí curtha ar fáil d'iarrthóir dá leithéid ag an bpáirtí polaitíochta i ndáil leis an gcaiteachas sin, nó
- Seirbhísí cuntasóra, nó duine eile, atá ceaptha don chuspóir sonracha a bhaineann le cabhrú le ceanglais na reachtaíochta a chomhlíonadh;
- seirbhísí oifigeach pearsanaíochta ar an lá vótaíochta.
- aon íocaíocht, ranníocaíocht nó soláthar earraí nó seirbhísí (gan íocaíocht nó comaoine eile nó ag costas níos lú ná an praghas tráchtála) tugtha don Stát ag duine do pháirtí polaitíochta agus glactha ag an bpáirtí polaitíochta sin de réir dhlíthe an stáit ina nglactar lena leithéid agus, sa chás gur íocaíocht nó ranníocaíocht airgid atá ann, a choinnítear nó a choimeádtar i gciste ainmnithe ar leith.

Ciallaíonn sé sin, sa chás go dtugtar síntiús do pháirtí polaitíochta atá cláraithe sa Stát, ach go dtugtar an síntiús don pháirtí lasmuigh den Stát le húsáid lasmuigh den Stát agus go nglacann an páirtí polaitíochta sin leis de réir dhlíthe an stáit ina nglactar leis agus, áit a ndéantar íocaíocht nó ranníocaíocht airgid, a choinnítear nó a choimeádtar i gciste ainmnithe ar leith, nach nglactar leis mar shíntiús chun críocha Acht 1997. Ní cheanglaítear a leithéid de shíntiús a nochtadh agus níl siad faoi réir na dtoirmeasc a bhaineann le cineálacha áirithe síntiús faoi Acht 1997.

(d) Caiteachas tabhaithe ag eagraíocht nó comhlacht (seachas páirtí polaitíochta cláraithe)

1.2.14 Ní ghlactar le caiteachas tabhaithe ag páirtí polaitíochta thar ceann iarrthóra mar shíntiús don iarrthóir [Alt 22(2)(b)(vi)]. Tá páirtí polaitíochta á shainmhíniú in Acht 1997 mar pháirtí atá cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta (de réir Chaibidil 6 de Chuid 2 d'Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022), mar pháirtí atá eagraithe chun páirt a ghlacadh i dtoghchán Dála, Eorpach agus/nó Mhéara Luimnigh. Mura bhfuil eagraíocht cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta mar pháirtí atá eagraithe chun páirt a ghlacadh i dtoghchán Dála nó Eorpach, ní ghlactar leis mar pháirtí polaitíochta chun críocha Acht 1997.

(e) Iasachtaí le hiarrthóirí

1.2.15 Sa chás go gcuireann institiúid airgeadais iasacht ar fáil d'iarrthóir agus go mbaineann na gnáthrialacha a bhaineann lena leithéid sin d'iasachtaí léi, ní ghlactar leis an iasacht mar shíntiús atá curtha ar fáil don iarrthóir. Sa chás go gcuireann institiúid airgeadais iasacht ar fáil d'iarrthóir, áfach, nuair atá an t-ús muirearaithe níos ísle ná an ráta is ísle atá ar fáil ón institiúid airgeadais ag an am sin nó mura n-aisíoctar an iasacht de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha faoinar eisíodh an iasacht nó mura ndéantar ach cuid den iasacht a aisíoc, d'fhéadfaí glacadh leis an tairbhe a bhaineann an t-iarrthóir as a leithéid mar shíntiús agus, dá réir sin, d'fhéadfadh a leithéid a bheith faoi réir nochta agus teorainneacha uasta a bhaineann le glacadh le síntiús.

1.2.16 Sa chás go dtugann duine aonair nó comhlacht, nach ionann é nó í agus institiúid airgeadais, iasacht d'iarrthóir, ní mór go mbeadh sé soiléir gurb ionann an iasacht a thairgtear agus iasacht bona fide. Sa chomhthéacs sin, bheadh feidhm leis an méid seo a leanas:

- cosúil le hiasacht ó institiúid airgeadais, ní mór na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann leis an iasacht agus a haisíocaíocht a shonrú go soiléir i scríbhinn.
- tá ús inmhuirearaithe ar an iasacht ag ráta (seasta nó athraitheach) a léiríonn an t-ús muirearaithe ag institiúidí airgeadais ar iasachtaí den mhéid céanna agus lena mbaineann an tréimhse chéanna. Sa chás go bhfuil an t-ús muirearaithe níos lú ná an ráta is ísle atá ar fáil ó institiúid airgeadais ag an am sin, ghlactar leis an sochar atá ag fabhrú ón difríocht i rátaí mar shíntiús don iarrthóir.
- d'fhéadfadh an Coimisiún um Chaighdeáin eolas ar na téarmaí agus coinníollacha a lorg, lena n-áirítear an muirear úis a bhaineann leis an iasacht agus d'fhéadfadh sé deimhniú a lorg go bhfuil an iasacht aisíoctha de réir na dtéarmaí agus coinníollacha seo. Mura n-aisíoctar an iasacht de réir na dtéarmaí agus coinníollacha, nó mura n-aisíoctar ach cuid de, d'fhéadfaí glacadh le sochar a leithéid sin d'aisíocaíocht mar shíntiús a tugadh don iarrthóir.

1.3 Síntiús thoirmiscthe

Tá faisnéis le fáil san alt seo faoi shíntiús a bhfuil sé toirmiscthe glacadh leo faoi Acht 1997. Beidh duine a fhaigheann agus a mhainníonn air nó uirthi déileáil le glacadh le síntiús toirmiscthe ar an tslí atá sonraithe sna treoirlínte seo agus in Acht 1997 ciontach i gcion. Tá tuilleadh faisnéise faoi chionta le fáil san alt ábhartha thíos.

(a) Síntiús anaithnide

1.3.1 Tá toirmeasc ar iarrthóirí nó ar thríú páirtí glacadh le síntiús anaithnid atá cothrom le níos mó ná €100 [Alt 94(1)].

Glactar leis go bhfuil síntiús anaithnid mura bhfuil ainm an deontóra agus an seoladh a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi ar eolas aige nó aici. Sa chás go ndéanann Idirghabhálaí síntiús, teastaíonn ainm agus seoladh an deontóra bhunaidh. Is ar an bhfaighteoir atá an dualgas a chinntiú go bhfuil ainm agus seoladh an deontóra ar eolas. Má fhaigheann iarrthóir síntiús anaithnid toirmiscthe, ní mór don ghníomhaire toghcháin méarachta sonraí an tsíntiús a shonrú sa ráiteas síntiús toghcháin méarachta [faoi alt 95(1)] agus sa deimhniú [faoi alt 97(2)(b)] a cuireadh ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin.

Má fhaigheann tríú páirtí síntiús anaithnid toirmiscthe, ní mór don tríú páirtí sonraí an tsíntiús a shonrú sa deimhniú [faoi alt 97(3)(b)] a cuireadh ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin.

Chomh maith leis sin, ní mór don iarrthóir nó don tríú páirtí an síntiús nó a luach a aisíoc láithreach don Choimisiún um Chaighdeáin [Alt 94(2)].

(b) Síntiús airgid sa bhreis ar €200

1.3.2 Tá toirmeasc ar ghlacadh le síntiús airgid a sháraíonn a luach €200 [Alt 23A(1)(c)(iii)].

1.3.3 Má fhaightear síntiús airgid atá cothrom le níos mó ná €200, ní mór d'fhaighteoir an tsíntiús, laistigh de 14 lá ón síntiús a fháil, an síntiús a thabhairt ar ais don deontóir nó an chuid de a sháraíonn an teorainn agus taifead scríofa a choimeád den chuid a tugadh ar ais chun críche í a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin², más gá;

nó,

ní mór don fhaighteoir, laistigh de cheithre lá dhéag i ndiaidh a leithéid a fháil, fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin nuair a fhaightear an síntiús agus an síntiús nó an chuid de a sháraíonn an teorainn a aisíoc leis an gCoimisiún um Chaighdeáin [Alt 23A(5)].

(c) Síntiús sa bhreis ar €200 ó dheontóir corparáideach neamhchláraithe

1.3.4 Tá sé toirmiscthe glacadh le síntiús a bhfuil luach sa bhreis ar €200 luaite leis ó dheontóir corparáideach [Alt 23AA(1)(c)] **ach amháin mura bhfuil**

an deontóir corparáideach cláraithe i gClár na nDeontóirí Corparáideacha atá á chothabháil ag an gCoimisiún [Alt 23AA(1)(i)] **agus**

mura ndéantar ráiteas thar ceann an deontóra chorparáidigh (agus mura gcuirtear an síntiús ar fáil don deontóir) lena ndeimhnítear go raibh tabhairt an tsíntiús ceadaithe ag an deontóir corparáideach³ [Alt 23AA(1)(ii)].

² Ní fhorordaítear in Acht 1997 an méid ama ba cheart d'fhaighteoir taifid faoin tuairisceán a choimeád. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin, áfach, gur cheart taifid a choimeád i gcomhair 6 bliana ar a laghad.

³ Ciallaíonn ceadaithe ag an Deontóir Corparáideach

a) go bhfuil cruinniú ginearálta, cruinniú arb é an aidhm atá leis breithniú a dhéanamh ar shíntiús a thabhairt, tionólta go cuí agus reáchtáilte agus go bhfuil cead faighte chun an síntiús a thabhairt de réir na rialacha (cibé acu atá nó nach bhfuil i scríbhinn) a rialaíonn riar agus rialú an deontóra chorparáidigh lena mbaineann agus a rialaíonn a g(h)níomhaíochtaí agus cuimseofar ina leithéid sin de rialacha:

Ní mór go mbeadh dearbhú reachtúil ar fáil leis an ráiteas a thugann le fios, de réir mar is fearr is eol don duine ábhartha, go bhfuil an ráiteas ceart i ngach ponc ábhartha agus go bhfuil gach gníomh réasúnach déanta ag an duine sin chun é nó í féin a shásamh faoi chruinneas an ráitis sin [Alt 23AA(2)].

1.3.5 Má fhaightear síntiús ó dheontóir corparáideach neamhchláraithe, ní mór d'fhaighteoir an tsíntiús, laistigh de 14 lá ón síntiús a fháil, an síntiús a thabhairt ar ais don deontóir, nó más síntiús airgid atá ann, an chuid de a sháraíonn an teorainn agus taifead scríofa a choimeád den chuid a tugadh ar ais chun críche í a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, más gá⁴;

nó,

ní mór don fhaighteoir, laistigh de cheithre lá dhéag i ndiaidh a leithéid a fháil, fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin nuair a fhaightear an síntiús agus an síntiús nó an chuid de a sháraíonn an teorainn a aisíoc leis an gCoimisiún um Chaighdeáin. [Alt 23AA(6)]

(d) Síntiús ó lasmuigh d'Éirinn

1.3.6 Ní cheadaítear d'iarrthóir glacadh le síntiús de chibé luach, tugtha ag duine aonair (seachas saoránach Éireannach) a bhfuil cónaí air nó uirthi lasmuigh d'oileán na hÉireann nó ag comhlacht corparáideach nó comhlacht neamhchorpraithe daoine nach bhfuil oifig aige nó aici ar oileán na hÉireann óna ndéanann sé nó sí ceann dá phríomhghníomhaíochtaí. [Alt 23A(2)]

Tá an dualgas ar fhaighteoir an tsíntiús a chinntiú gur saoránach Éireannach é nó í an deontóir.

1.3.7 Ní mór don iarrthóir síntiús toirmisceithe ó lasmuigh d'Éirinn a fhógairt agus a aisíoc don Choimisiún um Chaighdeáin laistigh de 14 lá ón síntiús a fháil.

Mar rogha air sin, féadfaidh an t-iarrthóir an síntiús a thabhairt ar ais don deontóir [Alt 23A(5)]. Má thugtar deontas ar ais, ní mór don iarrthóir taifead scríofa den tuairisceán sin a choimeád chun críche é a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin, más gá⁵.

(e) Síntiús sa bhreis ar an teorainn fhorordaithe

1.3.8 Tá an luach uasta síntiús/síntiús is féidir le hiarrthóir glacadh leis ó dhuine ar leith in aon bhliain féilire ar leith, go díreach nó trí idirghabhálaí, cothrom le €1,000 [Alt 23A(1)(i)].

-
- (ii) i gcás na cuideachta, meamram agus airteagail na cuideachta,
 - (iii) i gcás comhlachta chorparáidigh seachas cuideachta, cairt, reacht nó ionstraim chosúil eile lena mbunaítear é,
 - (iv) i gcás comhlachta neamhchorparáidigh daoine, rialacha an chomhlachta,

b) go ndéanann iontaobhaí síntiús de réir an ghníomhais iontaobhais lena mbunaítear an t-iontaobhas lena mbaineann a gceadaíonn a ghníomhas iontaobhais a leithéid de shíntiús a thabhairt

⁴ Ní fhorordaítear in Acht 1997 an méid ama ba cheart d'fhaighteoir taifid faoin tuairisceán a choimeád. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin, áfach, gur cheart taifid a choimeád i gcomhair 6 bliana ar a laghad.

⁵ Ní fhorordaítear in Acht 1997 an méid ama ba cheart d'fhaighteoir taifid faoin tuairisceán a choimeád. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin, áfach, gur cheart taifid a choimeád i gcomhair 6 bliana ar a laghad.

Sa chás go dtugann duine níos mó ná síntiús amháin d'iarrthóir i mbliain ar leith, ní mór luachanna na síntiús a chomhiomlánú chun críche aird a thabhairt ar an teorainn uasta [Alt 23A(3)].

1.3.9 Ní bhaineann an teorainn uasta de €1,000 le hoifig toghlaigh curtha ar fáil don iarrthóir ag duine, nó má chuirtear níos mó ná oifig amháin mar sin ar fáil, le cibé de na hoifigí atá ainmnithe i scríbhinn ag an iarrthóir [Alt 23A(4)].

Pointe tábhachtach is ea ainneoin go mb'fhéidir go mbeadh feidhm leis an teorainn uasta i ndáil le síntiús oifig toghlaigh, nach mór a leithéid de shíntiús a nochtadh má sháraíonn an luach €600 [Alt 24(4)].

1.3.10 Baineann an teorainn uasta, áfach, le síntiús airgid faighte ag iarrthóir óna p(h)áirtí polaitíochta [Alt 22(2)(b)(vi)].

Ní mór síntiús airgid ó aon bhrairse den pháirtí (lena n-áirítear ceanncheathrú an pháirtí) a chomhiomlánú chun críche aird a thabhairt ar an teorainn uasta agus ní mór déileáil lena leithéid mar shíntiús aonair ón bpáirtí [Alt 22(2)(c) agus 22(2)(d)(ii)].

1.3.11 Sa chás go bhfaightear síntiús agus go bhfuil sé toirmiscthe de bhrí go bhfuil a luach os cionn na teorann, ní mór don iarrthóir fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin laistigh de 14 lá i ndiaidh é a fháil agus an síntiús, nó an chuid sin de shíntiús airgid atá os cionn na teorann, a aisíoc leis an gCoimisiún um Chaighdeáin [Alt 23A(5)(b)].

Mar rogha air sin, féadfaidh an t-iarrthóir an síntiús a thabhairt ar ais, nó an chuid sin de shíntiús airgid atá os cionn na teorann, don deontóir agus taifead scríofa den síntiús sin a tugadh ar ais a choimeád chun críche é a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin, más gá [Alt 23A(5)(a)].⁶

(f) Síntiús i bhfoirm criptea-airgeadra

1.3.12 Tá iarrthóir toirmiscthe ó ghlacadh le síntiús i bhfoirm criptea-airgeadra. Sa chás go bhfaightear a leithéid de shíntiús ní mór don iarrthóir fógra maidir leis a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin agus é a aisíoc leis an gCoimisiún um Chaighdeáin laistigh de 14 lá i ndiaidh é a fháil. Mar rogha air sin, féadfaidh an t-iarrthóir an síntiús a thabhairt ar ais don deontóir [Alt 23A(5)]. Má thugtar deontas ar ais, ní mór don iarrthóir taifead scríofa den síntiús sin a tugadh ar ais a choimeád chun críche é a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin, más gá⁷.

(g) Síntiús thoirmiscthe eile

1.3.13 Tá iarrthóir toirmiscthe ó ghlacadh le síntiús má tá a fhios aige nó aici nó má tá cúis aige lena chreidiúint nach bhfuil sé beartaithe ag an duine a bhfuil an síntiús á thabhairt aige nó aici a c(h)uid oibleagáidí faoi Acht 1997 a chomhlíonadh.

Foráiltear le hAlt 24(1A) d'Acht 1997 go gceanglaítear ar dheontóirí aonair a thugann síntiús, a bhfuil a luach iomlán cothrom le breis is €1,500 in aon bhliain féilire, do bheirt chomhaltaí nó níos mó den pháirtí polaitíochta céanna (nó do pháirtí polaitíochta agus ceann amháin nó

⁶ Ní fhorordaítear in Acht 1997 an méid ama ba cheart d'fhaighteoir taifid faoin tuairisceán a choimeád. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin, áfach, gur cheart taifid a choimeád i gcomhair 6 bliana ar a laghad.

⁷ Ní fhorordaítear in Acht 1997 an méid ama ba cheart d'fhaighteoir taifid faoin tuairisceán a choimeád. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin, áfach, gur cheart taifid a choimeád i gcomhair 6 bliana ar a laghad.

níos mó dá chomhaltaí), Ráiteas Síntiús agus Dearbhú Reachtúil a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeán ina nochtar sonraí na síntiús. Mura bhfuil sé beartaithe ag an deontóir ábhartha an ceanglas seo a chomhlíonadh, agus má thuigeann iarrthóir an méid sin, toirmisctear an t-iarrthóir ó ghlacadh le síntiús ón deontóir [Alt 24A(2)].

1.3.14 Má fhaigheann iarrthóir a leithéid sin de shíntiús toirmiscthe, ní mór don iarrthóir fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeán laistigh de 14 lá i ndiaidh é a fháil agus ní mór ainm agus seoladh an deontóra a chur ar fáil freisin. Chomh maith leis sin, ní mór don iarrthóir an síntiús, nó a luach, a aisíoc leis an gCoimisiún um Chaighdeán [Alt 24A(3)].⁸

1.4 Cuntas síntiús polaitiúil a oscailt agus a chothabháil

1.4.1 Má fhaigheann iarrthóir i dtoghchán mhéara Luimnigh, chun críche thoghchán mhéara Luimnigh, síntiús airgid, a sháraíonn a luach €100 sula gceapann sé nó sí gníomhaire toghcháin méarachta, ní mór dó nó di cuntas síntiús polaitiúil a oscailt agus a chothabháil in institiúid airgeadais sa Stát [Alt 97(1)(a)]. Ní mór don iarrthóir an síntiús sin agus aon síntiús airgid bhreise a lóisteáil, síntiús de chibé luach, faighte aige nó aici nó ag a g(h)níomhaire toghcháin méarachta sa chuntas sin. Ba cheart gur cuntas ar leith a bheadh anseo nach mbeadh nasctha le haon chuntas pearsanta eile atá ag an iarrthóir. Ba cheart go dtagrófaí in ainm an chuntais d'fheachtas toghcháin an iarrthóra agus ba cheart gur sínitheoir údaraithe ar an gcuntas é nó í. Ní mór an t-airgead ar fad a aistarraingítear ón gcuntas a úsáid chun tacú le toghchán an iarrthóra nó a úsáid, ar shlí eile, a bhfuil tionchar aige ar thoradh an toghcháin sin [Alt 97(2)(b)(ii)].

1.4.2 Má tá cuntas síntiús polaitiúil ag iarrthóir cheana féin, níor cheart dó nó di cuntas síntiús polaitiúil ar leith a oscailt go sonrath don toghchán. Ba cheart don iarrthóir a chinntiú, seachas sin, go bhfuil gach síntiús airgid, de chibé luach, a fhaightear i ndáil leis an toghchán á lóisteáil sa chuntas síntiús polaitíochta atá oscailte aige nó aici cheana féin. Más mian le hiarrthóir "cuntas toghcháin" sonrath a oscailt, is féidir leis nó léi airgead a aistriú óna c(h)untas polaitiúil go dtí an cuntas toghcháin. D'fhéadfaí glacadh leis go bhfuil airgead aistrithe go dtí cuntas toghcháin úsáidte chun críocha toghcháin.

1.4.3 Sa chás go bhfaigheann iarrthóir nó a g(h)níomhaire toghcháin méarachta síntiús airgid atá cothrom le níos mó ná €100 i ndiaidh an ghníomhaire toghcháin a cheapadh, ní mór don ghníomhaire toghcháin méarachta cuntas síntiús polaitíochta a oscailt agus an chéad síntiús a lóisteáil sa chuntas sin agus aon síntiús airgid bhreise, de chibé luach, faighte ag an iarrthóir nó ag an ngníomhaire toghcháin méarachta. [Alt 97(1)(b)].

1.4.4 Bunaithe ar an méid thuasluaite, d'fhéadfaí a cheangal ar an iarrthóir agus ar an ngníomhaire toghcháin méarachta cuntas síntiús polaitiúil a oscailt don toghchán méarachta. I gcásanna mar sin, ba cheart gach síntiús airgid, de chibé luach, faighte ag an iarrthóir nó ag an ngníomhaire toghcháin méarachta, i ndiaidh chuntas síntiús polaitiúil an ghníomhaire méarachta a oscailt, a lóisteáil i gcuntas an ghníomhaire toghcháin méarachta. Ní mór cuntas an iarrthóra agus cuntas an ghníomhaire toghcháin méarachta a nochtadh sa ráiteas síntiús toghcháin méarachta. [Alt 97(2)].

⁸ Ní fhorordaítear in Acht 1997 an méid ama ba cheart d'fhaighteoir taifid faoin tuairisceán a choimeád. Molann an Coimisiún um Chaighdeán, áfach, gur cheart taifid a choimeád i gcomhair 6 bliana ar a laghad.

1.4.5 Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbeidh ceanglas leanúnach ar Mhéara tofa Luimnigh a c(h)untas síntiús polaitiúil a chothabháil agus go gceanglófar air nó uirthi, ar bhonn bliantúil, doiciméid a bhaineann leis an gcuntas a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin.

1.4.6 Má fhaigheann tríú páirtí, i ndáil le tacú le hiarrthóir i dtoghchán mhéara Luimnigh, chun críche an toghcháin sin, síntiús airgid, a sháraíonn a luach €100, ní mór dó nó di cuntas síntiús polaitiúil a oscailt agus a chothabháil in institiúid airgeadais sa Stát [Alt 97(1)(c)]. Ní mór don tríú páirtí an síntiús sin agus aon síntiús airgid bhreise a lóisteáil, síntiús de chibé luach, faighte ag a g(h)níomhaire sa chuntas sin.

1.5 Daoine a bhféadfadh caiteachas neamhúdaraíthe a bheith á thabhú acu chun tacú le/cur i gcoinne iarrthóirí sa toghchán

1.5.1 Glactar leis mar chion má thabhaíonn iarrthóir, nó aon duine eile, lena n-áirítear brainse áitiúil de pháirtí polaitíochta mar shampla, caiteachas nó má dhéanann sé nó sí íocaíochtaí a bhaineann le feachtas iarrthóra mura bhfuil a leithéid údaraithe ag gníomhaire toghcháin méarachta an iarrthóra. San áireamh anseo tá glacadh le síntiús d'ábhar nó de sheirbhís toghcháin, e.g., bileoga nó fógraíocht, saor in aisce nó faoin bpraghas tráchtála.

1.5.2 Ní féidir fógraí nó fógraíocht a dhéanamh i nuachtáin, in irisí nó i bhfoilseacháin thréimhsiúla eile a thacaíonn le nó a chuireann i gcoinne (go díreach nó go hindíreach) leasanna iarrthóra i dtoghcháin mhéara Luimnigh ach amháin má iarrann iarrthóir, gníomhaire toghcháin méarachta iarrthóra nó duine atá údaraithe i scríbhinn ag an iarrthóir nó ag an ngníomhaire toghcháin méarachta chun a leithéid a dhéanamh [Alt 101(8)(a)].

1.5.3 Féadfaidh "tríú páirtithe" nó "daoine eile" fógraí nó fógraíocht a dhéanamh i nuachtáin, in irisí nó i bhfoilseacháin thréimhsiúla má chuireann siad Deimhniú Údaraithe ar fáil don fhoilsitheoir ón gCoimisiún um Chaighdeáin lena ndeimhnítear go bhfuil a gcuid oibleagáidí dlíthiúla comhlíonta acu [Alt 101(8)(b)]. Eisíonn an Coimisiún um Chaighdeáin an Deimhniú seo nuair a fhaightear an fhaisnéis ábhartha ar fad ón tríú páirtí/ón duine eile. Tarraingeoidh an Coimisiún um Chaighdeáin aird na bhfoilsitheoirí ar cheanglais Acht 1997 sa chomhthéacs seo.

1.5.4 Moltar do gach iarrthóir a bheith airdeallach ar a leithéid de chaiteachas a bheith á thabhú ar a s(h)on ag stiúthóirí toghcháin nó ag daoine eile. Má thugann iarrthóir faoi deara go bhfuil duine, seachas a g(h)níomhaire toghcháin méarachta, ag tabhú caiteachais ar a s(h)on i rith an toghcháin, ba cheart don iarrthóir a chinntiú go bhfuil sé seo údaraithe ag an ngníomhaire toghcháin méarachta. Mura bhfuil sé údaraithe, d'fhéadfadh an duine atá ag tabhú an chaiteachais a bheith ciontach i gcion mura bhfuil deimhniú maidir le tabhú an chaiteachais eisithe don duine ag an gCoimisiún um Chaighdeáin. Más gá, ba cheart don iarrthóir aird an Choimisiún um Chaighdeáin a tharraingt ar an gceist agus déanfar gníomh cuí.

1.5.5 De bhrí go mbeidh toghcháin áitiúla 2024 ar siúl ar an lá céanna le toghchán mhéara Luimnigh, beidh ar iarrthóirí i dtoghchán mhéara Luimnigh a bheith an-airdeallach ar iarrthóirí an toghcháin áitiúil a bhféadfadh tagairt a bheith á déanamh acu d'iarrthóir i dtoghchán mhéara Luimnigh ina n-ábhar agus fógraíocht phromóisin don toghcháin áitiúil. Sa chás go bhfuil a leithéid de thagairtí á ndéanamh, glactar leis mar thacaíocht d'iarrthóireacht an iarrthóra i dtoghchán mhéara Luimnigh agus mar chaiteachas tabhaithe thar ceann an iarrthóra i dtoghchán mhéara Luimnigh. Sa chás go bhfuil an t-iarrthóir sa toghchán áitiúil

freagrach as costas iomlán an ábhair phromóisin nó na fógraíochta, glactar le costas % na tagartha don iarrthóir i dtoghchán mhéara Luimnigh ina leithéid d'ábhar/d'fhógraíocht mar shíntiús le hiarrthóir i dtoghchán mhéara Luimnigh ó iarrthóir sa toghchán áitiúil.

- 1.5.6 Ní mór go mbeadh iarrthóir sa toghchán áitiúil, an stiúrthóir toghchán, etc., a bhfuil sé beartaithe aige nó aici tagairt a dhéanamh d'iarrthóir i dtoghchán mhéara Luimnigh in ábhar, fógraíocht phromóisin toghcháin áitiúil, etc., údaraithe ag gníomhaire toghcháin méarachta an iarrthóra i dtoghchán mhéara Luimnigh. D'fhéadfadh duine a thabhaíonn a leithéid de chaiteachas thar ceann iarrthóra i dtoghchán mhéara Luimnigh gan a bheith údaraithe chun a leithéid a dhéanamh, a bheith ciontach i gcion.

1.6 Na doiciméid reachtúla riachtanacha a chur ar fáil i ndiaidh an toghcháin

1.6.1 Ní mór do ghníomhaire toghcháin méarachta gach iarrthóra, laistigh de 56 lá i ndiaidh an lae vótaíochta (i.e., faoin 2 Lúnasa 2024), Ráiteas Síntiús agus Dearbhú Reachtúil a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin [Alt 95(1)(a) agus Alt 95(2)].

Ní mór go mbeadh sonraí ar an Ráiteas Síntiús maidir le gach síntiús faighte i ndáil leis an toghchán lena mbaineann luach níos mó ná €600 [Alt 95(1)(a)]. Ní mór síntiúis tugtha ag an duine céanna don iarrthóir céanna i ndáil leis an toghchán a chomhiomlánú agus déileáil lena leithéid mar shíntiús aonair. Ba cheart a thabhairt faoi deara, go gciallaíonn "i ndáil leis an toghchán", síntiúis faighte am ar bith i dáil leis an toghchán lena n-áirítear roimh eascaire ceaptha an lae vótaíochta a eisiúint.

Sa chás go dtugtar síntiús (nó an méid farasbairr) ar ais don deontóir nó go n-aisíoctar leis an gCoimisiún um Chaighdeáin é, agus go bhfuil an méid cothrom le níos mó ná €600, ní mór é a nochtadh sa ráiteas síntiús. Ba cheart go mbeadh nóta i gceangal leis ina léirítear gur tugadh é (nó an méid farasbairr) ar ais nó gur aisíocadh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin é.

1.6.2 Ní mór an Ráiteas Síntiús agus an Dearbhú Reachtúil a chur ar fáil is cuma má fuair nó mura bhfuair an t-iarrthóir síntiús. Mura bhfuarthas aon síntiús, ní mór tuairisceán "náid" a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin.

1.6.3 Má fuarthas síntiús airgid níos mó ná €100 agus má ceanglaíodh ar an iarrthóir cuntas síntiús polaitiúil a oscailt (féach ar an alt thuas), nó má bhí cuntas síntiús polaitiúil ag an iarrthóir cheana féin, ní mór go mbeadh ráiteas i dteannta leis an Ráiteas Síntiús curtha ar fáil ag an institiúid airgeadais ina bhfuil an cuntas (ráiteas bainc) [Alt 97(2)(a)].

Má osclaíodh cuntas síntiús polaitiúil nua ní mór go mbeadh na hidirbhearta sonraithe ar an ráiteas bainc (i.e. lóisteálacha agus aistarraingtí) a rinneadh i ndáil leis an gcuntas i rith na tréimhse dar tús dháta oscailte an chuntais agus dar críoch an lae vótaíochta ag an toghchán. Má bhí an cuntas síntiús polaitiúil in úsáid cheana féin ní mór go sonrúfaí ar an ráiteas bainc na hidirbhearta atá déanta ar an gcuntas cheana féin ón 1 Eanáir 2024. Chomh maith leis sin, ní mór Deimhniú Síntiús Airgid a chur ar fáil leis an Ráiteas Síntiús lena ndeimhnítear go raibh na síntiúis airgid ar fad a fuarthas i ndiaidh an cuntas a oscailt lóisteáilte sa chuntas agus gur úsáideadh gach méid curtha do dhochar an chuntais chun críocha polaitiúla [Alt 97(2)(b)(i)]. Ní mór go mbeadh an Deimhniú sínithe ag an iarrthóir agus go mbeadh Dearbhú Reachtúil ar leith leis [Alt 97(4)].

1.6.4 Glactar le mainneachtain Ráiteas Síntiús agus na doiciméid tionlacain ar fad a sheoladh chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin laistigh de 56 lá ón lá vótaíochta mar chion [Alt 113(1)].

1.6.5 Déanfaidh Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin teagmháil leis na hiarrthóirí i ndiaidh an toghcháin agus cuirfidh sí na nithe ábhartha seo a leanas ar fáil:

- Foirm an Ráitis Síntiús/an Dearbhaithe Reachtúil
- Deimhniú maidir le Síntiús Airgid/Dearbhú Reachtúil.

Beidh cúnaimh ar fáil ar iarratas freisin chun na foirmeacha a líonadh, lena n-áirítear comhairle maidir leis an rud atá agus nach bhfuil i gceist le síntiús in aon chás ar leith.

1.6.6 Cuirfidh an Coimisiún um Chaighdeáin gach ráiteas síntiús agus dearbhú reachtúil tionlacain faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais agus cuirfear ar fáil chun críche cigireachta iad agus foilseofar iad ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Chaighdeáin a luaithe a bheidh siad curtha faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais [alt 24(7), 73 agus 108(1)]. Coimeádfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin gach ráiteas ó institiúid airgeadais agus deimhniú agus dearbhú reachtúil tionlacain agus ní nochtfar a leithéid d'aon duine ach amháin má tá a leithéid faoi réir Ordaithe Cúirte chun a leithéid a dhéanamh nó sa chás go mbeadh a leithéid de nochtadh ag teastáil i ndáil le himscrúdú á dhéanamh ag an gCoimisiún um Chaighdeáin [alt 23B(8) agus 97(5)]. Foilseofar sonraí maidir leis na síntiúis arna nochtadh ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Chaighdeáin.

1.6.7 Má thoghtar iarrthóir sa toghchán, ceanglófar air nó uirthi, mar Mhéara Luimnigh, Ráiteas Síntiús agus Dearbhú Reachtúil bliantúil agus aon doiciméad tionlacain a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoin 31 Eanáir gach bliain [Alt 24(1)(a)]. Cuirfidh an Coimisiún um Chaighdeáin foirmeacha chun na críche seo ar fáil do Mhéara Luimnigh ag tús mhí Eanáir gach bliain.

1.6.8 Ní mór go n-áireofaí sa Ráiteas Síntiús/Dearbhú Reachtúil agus sna doiciméid reachtúla curtha ar fáil ag gníomhairí toghcháin méarachta síntiúis lena mbaineann luach, nó luach comhiomlán ón duine céanna, atá cothrom le níos mó ná €600 faighte i rith na bliana féilire roimhe sin. Ní mór go sonróaí ar an ráiteas ón institiúid airgeadais na hidirbhearta a rinneadh ar an gcuntas sin i rith na bliana féilire roimhe sin.

(c) Tríú páirtithe

1.6.9 Ní mór do thríú páirtí, laistigh de 56 lá i ndiaidh an lae vótaíochta (i.e., faoin 2 Lúnasa 2024), Deimhniú maidir le Síntiús Airgid a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin, agus ní mór ráiteas a chur ar fáil leis a bheidh curtha ar fáil ag an institiúid airgeadais ina bhfuil an cuntas á shealbhú (ráiteas bainc). Ní mór go ndeimhneoidh an Deimniú maidir le Síntiús Airgid gur lóisteáladh na síntiúis airgid ar fad a fuarthas i ndiaidh an chuntais a oscailt sa chuntas agus go raibh gach méid a cuireadh do dhochar ón gcuntas curtha i bhfeidhm chun críche tacú le toghadh iarrthóra, nó chun tionchar a imirt, ar shlí eile, ar thoradh an toghcháin [Alt 97(3)(b)(ii)]. Ní mór go mbeadh an Deimhniú sínithe ag an duine freagrach don tríú páirtí agus go mbeadh Dearbhú Reachtúil leis [Alt 97(4)]. Ní mór go sonróaí ar an ráiteas bainc na hidirbhearta (i.e. lóisteálacha agus aistarraingtí) a rinneadh i ndáil leis an gcuntas i rith na tréimhse dar tús dháta oscailte an chuntas agus dar críoch lá vótaíochta an toghcháin [Alt 97(3)(a)].

1.7 Aisíocaíocht ar chaiteachas toghcháin a éileamh

1.7.1 Tá iarrthóir cáilithe i dteideal iarratas a dhéanamh ar aisíocaíocht caiteachais toghcháin. D'fhonn cáiliú d'aisíocaíocht, ní mór d'iarrthóir ceann de na coinníollacha seo a chomhlíonadh:

- toghadh é/í ag an toghchán; nó
- ní thoghtar é nó í ach sáraíonn an líon is mó vótaí luaite leis nó léi ag aon chéim de chomhaireamh na vótaí aon cheathrú den chuóta [Alt 107(1)(b)]

1.7.2 Tá an t-uasmhéid is féidir a aisíoc cothrom leis níos lú ná €18,500 nó méid iarbhir an chaiteachais toghcháin tabhaithe thar ceann an iarrthóra [Alt 107(1)].

1.7.3 Nuair a bhíonn méid na haisíocaíochta á ríomh, ba cheart a thabhairt faoi deara nach mór cuntas a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

- caiteachas tabhaithe thar ceann an iarrthóra agus cuntas déanta orthu ag gníomhaire toghcháin méarachta an iarrthóra; agus
- caiteachas tabhaithe thar ceann an iarrthóra ag páirtí polaitíochta an iarrthóra agus cuntas déanta orthu ag an ngníomhaire náisiúnta [Alt 107(8)].

1.7.4 Chun aisíoc caiteachais toghcháin iarrthóra cháilithe a dheimhniú, ní mór go mbeadh na doiciméid seo a leanas faighte ag an gCoimisiún um Chaighdeáin:

- Ráiteas Caiteachais Toghcháin/Dearbhaithe Reachtúil comhlánaithe gníomhaire toghcháin méarachta [Alt 106(1)(a)];
- sonraisc, dearbháin nó fáltais thacaíochta agus
- sa chás gur iarrthóir nár éirigh leis nó léi atá i gceist, Ráiteas Síntiús/Dearbhú Reachtúil comhlánaithe agus doiciméid tionlacain.

1.7.5 Nuair a bhíonn na doiciméid reachtúla ábhartha faighte ag an gCoimisiún um Chaighdeáin agus nuair a bhíonn sé sásta go bhfuil siad comhlánaithe i gceart, eiseoidh sé iarratas aisíocaíochta don iarrthóir. Ní eiseoidh an Coimisiún um Chaighdeáin iarratas ar aisíocaíocht ar chaiteachas toghcháin go dtí go mbeidh na doiciméid, comhlánaithe i gceart, faighte.

1.7.6 Nuair a bheidh an t-iarratas comhlánaithe faighte, deimhneoidh an Coimisiún um Cheapacháin an méid ba cheart a aisíoc leis an iarrthóir leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe [Alt 107(3)]. Íocann an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe aisíoc an chaiteachais toghcháin trí ríomhaistriú airgid. Chun an íocaíocht seo a chur ar fáil i gcuntas bainc an iarrthóra, éilíonn an Roinn sonraí cuntais bainc agus teagmhála an iarrthóra. Ní chuirtear an fhaisnéis seo ar fáil don phobal.

1.7.7 Cuireann an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe an aisíocaíocht ar fáil don iarrthóir agus ní ghlactar leis mar shíntiús don iarrthóir.

1.7.8 Féadfaidh iarrthóir atá cáilithe d'aisíoc caiteachais toghcháin an aisíocaíocht a thabhairt dá p(h)áirtí polaitíochta. Má tá an méid a tugadh ar ais don pháirtí sa bhreis ar an méid a chaith an páirtí ar a (h)iarrthóir, áfach, beidh an farasbarr faoi réir teorainneacha síntiúis. Má sháraíonn méid an tsíntiúis €1,500 ní mór don pháirtí é a dhearbhu ina thuairisceáin ráitis síntiús bliantúil.

Mar shampla:

Méid Caite ag Páirtí ar Iarrthóir	€ 20,000
Méid Aisíochta le Páirtí ag Iarrthóir	<u>€ 21,750</u>
Méid Deonaithe do Pháirtí	€ 1,750

TABHAIR FAOI DEARA: Is é €2,500 an síntiús uasta is féidir le páirtí polaitíochta glacadh leis.

1.8 Cionta agus pionóis infheidhme maidir le hiarrthóirí ag an toghchán

1.8.1 Baineann cionta coiriúla le neamhchomhlíonadh ceanglas áirithe i Acht 1997. Tá cionta áirithe inphionóis ar chiontú go hachomair le fíneáil, agus tá cionta eile inphionóis ar díotáil le fíneáil nó príosúnacht. Baineann cionta áirithe le hiarrthóirí, gníomhairí toghcháin méarachta nó tríú páirtithe agus d'fhéadfadh cionta eile a bheith ag baint le haon duine a bhfuil baint aige nó aici le caiteachas toghcháin.

Tá achoimre le fáil thíos ar na cionta faoi Acht 1997 a bhaineann le Toghchán Mhéara Luimnigh, seachas na cionta sin a bhaineann go heisiach le gníomhairí toghcháin méarachta. Ba cheart d'iarrthóirí agus do dhaoine eile tagairt a dhéanamh d'fhorálacha Acht 1997 má theastaíonn tuilleadh sonraí uathu.

Ba cheart go mbeadh iarrthóirí airdeallach freisin ar na cionta sonracha a bhaineann le gníomhairí toghcháin méarachta atá leagtha amach in alt 2 thíos. Beidh cionta a bhaineann le gníomhaire toghcháin méarachta i bhfeidhm i ndáil le hiarrthóir sna cásanna seo a leanas: (1) tá an t-iarrthóir i ndiaidh é nó í féin a cheapadh chun feidhmiú mar ghníomhaire toghcháin méarachta, nó (2) meastar gurb ionann an t-iarrthóir agus an gníomhaire toghcháin méarachta de bhrí gur theip air nó uirthi gníomhaire toghcháin méarachta a cheapadh, agus fógra a thabhairt don cheann comhairimh méarachta maidir le hainm agus seoladh gníomhaire toghcháin méarachta.

Is féidir leis an gCoimisiún um Chaighdeáin imeachtaí achoimre a thabhairt le haghaidh cionta agus is féidir leis iad a ionchúiseamh. In aon chás eile, féadfar an ní a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Cion	Duine dlítheanach	Pionós uasta	Ailt d'Acht 1997
Glacadh le síntiús anaithnid atá cothrom le níos mó ná €100	Iarrthóir nó tríú páirtí	Fíneáil €2,500	94(1) agus 113(1)(a)
Mainneachtain síntiús anaithnid a chur ar aghaidh go dtí an Coimisiún um Chaighdeáin	Iarrthóir, gníomhaire toghcháin méarachta nó tríú páirtí	Fíneáil €2,500	94(2)(a) agus 113(1)(a)
Mainneachtain sonraí síntiúis a shonrú i ndeimhniú don Choimisiún	Tríú páirtí	Fíneáil €2,500	94(2)(c) agus 113(1)(a)
Glacadh le síntiús a sháraíonn an méid atá leagtha amach in alt 96 i mbliain áirithe	Iarrthóir, gníomhaire toghcháin méarachta nó tríú páirtí	Fíneáil €2,500	96(1) agus 113(1)(c)
Glacadh le síntiús ó lasmuigh d'oileán na hÉireann (seachas saoránaigh Éireannacha agus cuideachtaí Éireannacha, mar atá leagtha amach in alt 96)	Iarrthóir, gníomhaire toghcháin méarachta nó tríú páirtí	Fíneáil €2,500	96(2) agus 113(1)(c)

Cion	Duine dlítheanach	Pionós uasta	Ailt d'Acht 1997
Mainneachtain fógra a thabhairt don ghníomhaire toghcháin méarachta maidir le síntiúis a fuarthas roimhe seo agus doiciméid thacaíochta	Iarrthóir	Fíneáil €2,500	96(5) agus 113(1)(c)
Mainneachtain síntiúis a fuarthas i gcuntas síntiús a oscailt agus a lóisteáil	Iarrthóir, gníomhaire toghcháin méarachta nó tríú páirtí	Fíneáil €2,500	97(1) agus 113(1)(d)
Mainneachtain ráiteas airgeadais agus deimhniú agus dearbhú reachtúil tionlacain a chur ar fáil laistigh de 56 lá	Tríú páirtí	Fíneáil €2,500 (agus €130 in aghaidh an lae i gcomhair gach lá i ndiaidh an chiontaithe go dtí go gcuirtear a leithéid ar fáil)	97(3) agus (4) agus 113(1)(d) agus 113(5)(c)
Mainneachtain clárú leis an gCoimisiún um Chaighdeán mar thríú páirtí i ndiaidh síntiús a fháil	Tríú páirtí	Fíneáil €2,500	98 agus 113(1)(e)
Caiteachas a thabhú nó íocaíochtaí a dhéanamh thar ceann iarrthóra gan údarú ceart	Duine seachas an gníomhaire toghcháin méarachta	Fíneáil €2,500	101(3) agus 113(1)(f)
Mainneachtain ráiteas intinne chun caiteachas toghcháin neamhúdaraithe a thabhú a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán	Duine (“duine eile”) seachas an gníomhaire toghcháin méarachta nó duine atá údaraithe faoi alt 101(3)	Fíneáil €2,500	101(5) agus 113(1)(f)
Fógraíocht nó fógra a fhoilsiú a airbheartaítear a thacaíonn le nó a chuireann i gcoinne leasanna iarrthóra gan údarú cuí	Foilsitheoir nuachtáin, irise nó foilseacháin eile (lena n-áirítear ar líne)	Fíneáil €2,500	101(8) agus 113(1)(f)
Caiteachas toghcháin iomlán níos mó ná €72,100 a thabhú	Iarrthóir	Fíneáil €2,500	103(1) agus 113(1)(g)
Mainneachtain ráiteas maidir le caiteachas agus dearbháin toghcháin a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeán laistigh de 56 lá	Gníomhaire toghcháin méarachta nó duine a thug fógra maidir le caiteachas toghcháin neamhúdaraithe	Fíneáil €2,500 (agus €130 in aghaidh an lae i gcomhair gach lá i ndiaidh an chiontaithe go dtí go gcuirtear a leithéid ar fáil)	106(1) agus 113(1)(h) agus (5)(c)

Cion	Duine dlítheanach	Pionós uasta	Ailt d'Acht 1997
	a thabhú (“duine eile”)		
Mainneachtain dearbhuithe reachtúla a chur ar fáil maidir le cruinneas an ráitis ar chaiteachas toghcháin	Gníomhaire toghcháin méarachta nó duine a thug fógra maidir le caiteachas toghcháin neamhúdaraíthe a thabhú (“duine eile”)	Fíneáil €2,500	106(2) agus 113(1)(h)
Mainneachtain faisnéis bhreise nó fhorlíontach nó dearbhú reachtúil a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin ar iarratas	Gníomhaire toghcháin méarachta nó duine a thug fógra maidir le caiteachas toghcháin neamhúdaraíthe a thabhú (“duine eile”)	Fíneáil €2,500	106(3) agus 113(1)(h)
Mainneachtain cóip d'ordú cúirte ábhartha a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin	Gníomhaire toghcháin méarachta nó duine a thug fógra maidir le caiteachas toghcháin neamhúdaraíthe a thabhú (“duine eile”)	Fíneáil €2,500	106(4) agus 113(1)(h)
Mainneachtain ráiteas agus dearbhú reachtúil a dhéanamh sa tslí atá riachtanach lena ndeimhnítear síntiús corparáideach a cheadú	Daoine a bhfuil cead acu síntiús chorparáideacha a cheadú faoi alt 23AA(3)	Fíneáil €2,500	23AA(1)(ii) agus (2) agus 113(2)(a)
Mainneachtain síntiús corparáideach toirmiscthe nó cuid de a thabhairt ar ais nó a aisíoc leis na gCoimisiún um Chaighdeáin	Iarrthóir nó tríú páirtí	Fíneáil €2,500	23AA agus 113(2)(b)
Mainneachtain fógra a thabhairt d'iarrthóir nó do thríú páirtí go bhfuil síntiús á dhéanamh thar ceann duine éigin eile	Duine a bhfuil síntiús á thabhairt aige d'iarrthóirí nó do thríú páirtí ar son duine éigin eile	Fíneáil €2,500	23AB agus 113(2)(c)

Cion	Duine dlítheanach	Pionós uasta	Ailt d'Acht 1997
Faisnéis fhalsa nó mhíthreorach a chur ar fáil go heolach maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil síntiús á dhéanamh thar ceann duine éigin eile	Duine a bhfuil síntiús á thabhairt aige d'iarrthóirí nó do thríú páirtí ar son duine éigin eile	Fíneáil €2,500	23AB agus 113(2)(d)
Faisnéis fhalsa nó mhíthreorach a chur ar fáil lena n-airbheartaítear go bhfuil fógra á thabhairt d'iarrthóir nó do thríú páirtí go bhfuil síntiús á dhéanamh thar ceann duine éigin eile	Duine a bhfuil síntiús á thabhairt aige d'iarrthóirí nó do thríú páirtí ar son duine éigin eile	Fíneáil €2,500	23AB agus 113(2)(e)
Éileamh ar chaiteachas toghcháin a íoc a chuirtear ar fáil níos mó ná 45 lá i ndiaidh an toghcháin	Gníomhaire toghcháin méarachta nó duine a thug fógra maidir le caiteachas toghcháin neamhúdaráithe a thabhu ("duine eile")	Fíneáil €2,500	104 agus 113(3)

Baineann cionta breise le haon sárú a dhéanann Méara tofa Luimnigh ar na hoibleagáidí síntiús bliantúla faoi Acht 1997. Tá eolas le fáil maidir lena leithéid de chionta ar leithligh i dtreoirínite an Choimisiúin faoi shíntiúis do Theachtaí Dála, Seanadóirí agus FPEanna⁹, a nuashonrófar chun tagairtí a dhéanamh do Mhéara Luimnigh de réir mar is cúí.

⁹ Ar fáil ag <https://www.sipo.ie/acts-and-codes/guidelines/donations/FINAL-TDs-Senators-and-MEPs-donations-guidelines-2023.pdf>.

Caibidil 2 - Gníomhairí Toghcháin Méarachta Iarrthóirí agus daoine eile

Seo a leanas na príomh-shaincheisteanna ar cheart do ghníomhaire toghcháin méarachta nó 'duine eile', i rith toghcháin, a bheith airdeallach orthu chun a chinntiú go bhfuil ceanglais na reachtaíochta á gcomhlíonadh mar seo a leanas:

- 2.1 Gníomhaire toghcháin méarachta a cheapadh
- 2.2 Príomhfheidhmeanna gníomhaire toghcháin méarachta
- 2.3 Teorainneacha caithimh don toghchán
- 2.4 Iarrthóir ag sannadh cuid dá c(h)aitheamh reachtúil dá p(h)áirtí polaitíochta (má tá sé nó sí ag dul in iomaíocht sa toghchán mar iarrthóir páirtí)
- 2.5 "An Tréimhse Toghcháin" - na dátaí lena mbaineann feidhm leis an teorainn caithimh
- 2.6 Daoine a bhféadfadh caiteachas neamhúdaráithe a bheith á thabhtú acu chun tacú le nó cur i gcoinne iarrthóirí sa toghchán
- 2.7 Céard atá i gceist le caiteachas toghcháin?
- 2.8 Céard nach bhfuil i gceist le caiteachas toghcháin?
- 2.9 Caiteachas tabhaithe chun iarrthóireacht duine sa toghchán a éascú
- 2.10 Sonraisc a íoc le soláthraithe
- 2.11 Ráiteas Caiteachais Toghcháin a chur ar fáil i ndiaidh an toghcháin
- 2.12 Cionta agus pionóis infheidhme maidir le gníomhairí toghcháin méarachta ag an toghchán

2.1 Gníomhaire toghcháin méarachta a cheapadh

2.1.1 Ní mór do gach iarrthóir gníomhaire toghcháin méarachta a cheapadh [Alt 99(1)(a)(i)].

Chun críche an Achta seo, tá an gníomhaire toghcháin méarachta freagrach as cuntas a dhéanamh ar an gcaiteachas tabhaithe thar ceann an iarrthóra i rith an fheachtais toghcháin.

Ní mór go mbeadh oifig nó ionad ag an ngníomhaire toghcháin méarachta in nó gar do Thoghlimistéar Chathair agus Chontae Luimnigh (de réir bhrí Chuid 1 de Sceideal 2 d'Acht 2024) ar féidir éilimh, eascairí, toghairmeacha agus doiciméid eile a sheoladh chuici nó chuige [Alt 99(6)].

2.1.2 Ní mór don iarrthóir ainm agus seoladh oifige an ghníomhaire toghcháin méarachta a chur ar fáil, i scríbhinn, don Cheann Comhairimh don dáilcheantar ina bhfuil an t-iarrthóir ag seasamh [Alt 99(1)(a)(ii)]. Ní mór é seo a dhéanamh tráth nach déanaí ná an lá deiridh a nglactar le hainmniúcháin don toghchán, 12 meán lae, an 18 Bealtaine 2024. Ina dhiaidh sin, cuirfidh an Ceann Comhairimh sonraí an ghníomhaire toghcháin méarachta ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin [Alt 99(5)].

2.1.3 Tabharfaidh an gníomhaire toghcháin méarachta, a luaithe agus is féidir, fógra don Choimisiún i scríbhinn agus fógra poiblí maidir le hainm agus seoladh oifig gach gníomhaire toghcháin méarachta ceaptha nó a measadh a bhí ceaptha faoi alt 99 [Alt 99(5)]. Tá foirm eisithe ag an gCoimisiún um Chaighdeáin do Chinn Chomhairimh ar féidir le hiarrthóir í a úsáid chun sonraí maidir lena g(h)níomhaire toghcháin méarachta a roinnt. Tá sé tábhachtach go gcuirtear sonraí cearta an duine a ceapadh mar ghníomhaire toghcháin méarachta (i.e., an duine a dhéanfaidh cuntas ar chaiteachas ar fheachtas an iarrthóra) in iúl don Cheann Comhairimh ar an bhfoirm seo.

Ní ghlacfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin le Ráiteas Caiteachais Toghcháin ach díreach ón duine ar thug an Ceann Comhairimh fógra maidir leis nó léi mar ghníomhaire toghcháin méarachta an iarrthóra. Ba cheart go gcinnteodh an gníomhaire toghcháin méarachta gur chuir an t-iarrthóir a s(h)onraí cearta ar fáil don Cheann Comhairimh.

2.1.4 Féadfaidh iarrthóir feidhmiú mar a ghníomhaire toghcháin méarachta féin [Alt 99(1)(b)].

Mura dtugann iarrthóir fógra don Cheann Comhairimh faoi cheapachán gníomhaire toghcháin méarachta faoin spriocdháta chun aistarraingt mar iarrthóir glacfar leis go bhfuil sé nó sí ag feidhmiú mar a g(h)níomhaire toghcháin méarachta féin [Alt 99(1)(c)].

Ceanglaítear ar iarrthóir atá ag feidhmiú mar a g(h)níomhaire toghcháin méarachta féin ceanglais an Achta a chomhlíonadh mar iarrthóir agus mar ghníomhaire toghcháin méarachta. Féadfaidh an t-iarrthóir ceapachán a g(h)níomhaire toghcháin méarachta a chúlghairm am ar bith. Má tharlaíonn a leithéid de chás, Ní MÓR don iarrthóir fógra a thabhairt don Cheann Comhairimh, i scríbhinn, maidir le cúlghairm gníomhaire toghcháin méarachta amháin agus ceapadh gníomhaire toghcháin méarachta eile, agus sonraí teagmhála a chur ar fáil freisin.

I ndiaidh fógra a fháil maidir le gníomhaire toghcháin méarachta a bheith á athrú, ní mór don Cheann Comhairimh, fógra i scríbhinn, maidir le cúlghairm gníomhaire toghcháin méarachta amháin agus ceapadh gníomhaire toghcháin méarachta eile, agus sonraí teagmhála a chur ar fáil freisin don Choimisiún um Chaighdeáin.

Ní féidir leis an gCoimisiún um Chaighdeán glacadh le Ráiteas Caiteachais Toghcháin (RCT) murab ionann an gníomhaire toghcháin méarachta a d'fhógair an Ceann Comhairimh agus ainm an ghníomhaire toghcháin méarachta ar an RCT [Alt 99(3)].

2.2 Príomhfheidhmeanna gníomhaire toghcháin méarachta

- 2.2.1 Is é an gníomhaire toghcháin méarachta an príomhnasc don Choimisiún um Chaighdeán i ndáil le caiteachas tabhaithe thar an iarrthóra ag an toghchán. Ba cheart go mbeadh sé nó sí compordach chun cuntais a choimeád.
- 2.2.2 Is í príomhfheidhm an ghníomhaire toghcháin méarachta caiteachas a bhaineann le feachtas toghcháin an iarrthóra a údarú agus a rialú agus cuntas a dhéanamh ar a leithéid de chaiteachas.
- 2.2.3 Faoi réir a bhfuil sonraithe thíos, is é an gníomhaire toghcháin méarachta an t-aon duine ar féidir leis nó léi caiteachas a thabhú nó íocaíochtaí a dhéanamh thar ceann an iarrthóra [Alt 101(3)]. Ní mór gach sonrasc, admháil nó dearbhán a chur ar fáil don ghníomhaire toghcháin méarachta agus ní mór dó nó di a leithéid a choimeád chun críche a Ráiteas Caiteachais Toghcháin a líonadh.
- 2.2.4 Ní féidir le hiarrthóir aon chaiteachas a thabhú nó aon íocaíocht a dhéanamh i ndáil leis an bhfeachtas toghcháin gan údarú a bheith faighte aige nó aici ón ngníomhaire toghcháin méarachta chun a leithéid a dhéanamh. Glactar leis mar chion má thabhaíonn iarrthóir caiteachas nó má dhéanann sé nó sí íocaíochtaí, seachas íocaíochtaí a bhaineann lena "c(h)aiteachas maireachtála réasúnacha", mura bhfuil sé nó sí údaraithe ag an ngníomhaire toghcháin méarachta chun a leithéid a dhéanamh. (Tá míniú le fáil thíos ar an méid atá i gceist le "caiteachas maireachtála réasúnach".) Sa chás gur thabhaigh iarrthóir caiteachas nó gur tabhaíodh caiteachas thar ceann iarrthóra roimh ghníomhaire toghcháin méarachta a cheapadh, ní mór don iarrthóir sonraí a leithéid sin de chaiteachas a chur ar fáil, i dteannta le gach sonrasc/admháil, don ghníomhaire toghcháin méarachta nuair a bheidh sé nó sí ceaptha [Alt 101(6)].
- 2.2.5 Féadfaidh an gníomhaire toghcháin méarachta daoine eile a údarú chun caiteachas a thabhú nó íocaíochtaí a dhéanamh laistigh de theorainneacha airgeadais sonraithe [Alt 101(3)]. Ní mór don ghníomhaire toghcháin méarachta cuntas a dhéanamh ar chaiteachas gach duine údaraithe dá leithéid. Ní mór go mbeadh caiteachas tabhaithe nó íocaíochtaí déanta ag daoine údaraithe laistigh den teorainn atá sonraithe ag an ngníomhaire toghcháin méarachta. Féadfaidh gníomhaire toghcháin méarachta an t-iarrthóir a údarú chun caiteachas toghcháin a thabhú. Ní mór ainm agus seoladh gach duine údaraithe a chur ar fáil ar an Ráiteas Caiteachais Toghcháin, nach mór don ghníomhaire toghcháin méarachta a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán i ndiaidh an toghcháin.

2.3 Teorainneacha caithimh don toghchán

- 2.3.1 Tá an teorainn caithimh reachtúil do thoghchán mhéara Luimnigh cothrom le €72,100. Tá CBL san áireamh sa teorainn caithimh seo. Ní mór go mbeadh caiteachas uile gníomhaire toghcháin méarachta ar iarrthóir laistigh den teorainn seo [I.R. Uimh. 87/2004 – An tAcht Toghcháin, 1997 (Alt 3) Ordú 2004].

2.4 "An Tréimhse Toghcháin" - na dátaí lena mbaineann feidhm leis an teorainn caithimh

2.4.1 Baineann na teorainneacha caithimh ag toghchán mhéara Luimnigh le gach caiteachas tabhaithe agus íocaíocht déanta i ndáil le maoin, earraí nó seirbhísí a sholáthar a úsáidtear chun críocha toghcháin i rith na "tréimhse toghcháin". Cuirtear tús leis an tréimhse toghcháin ar dháta an ordaithe lena gceaptar an lá vótaíochta agus tagann deireadh léi ar an lá vótaíochta féin, tá an dá dháta san áireamh [Alt 102(2)]. Is í an tréimhse toghcháin atá sonraithe do thoghchán mhéara Luimnigh 2024 an tréimhse idir an 8 Aibreán 2024 agus an 7 Meitheamh 2024.

2.4.2 Beag beann ar an uair a thabhaítear an caiteachas nó a dhéantar na híocaíochtaí, ní mór iad a chur san áireamh má bhaineann siad le réadmhaoin, earraí nó seirbhísí a úsáidtear chun críocha toghcháin i rith na tréimhse toghcháin. Dá réir sin, ní mór cuntas a dhéanamh ar chaiteachas a thabhaítear nó íocaíochtaí a dhéantar am ar bith roimh dháta an ordaithe lena gceaptar an lá vótaíochta, ar réadmhaoin, earraí nó seirbhísí a úsáidtear i rith na tréimhse toghcháin [Alt 93(1)].

2.4.3 Má thabhaítear caiteachas nó má dhéantar íocaíochtaí ar réadmhaoin, earraí nó seirbhísí nár úsáideadh, nó nár úsáideadh ach cuid acu, i rith na tréimhse toghcháin, ní bheidh sé riachtanach cuntas a dhéanamh ar an gcuid neamhúsáidte. Ar an gcuma chéanna, ní bheidh sé riachtanach cuntas a dhéanamh ar chaiteachas tabhaithe nó íocaíochtaí déanta i ndáil le réadmhaoin, earraí nó seirbhísí, a úsáideadh sular cuireadh tús leis an tréimhse toghcháin nó a úsáideadh i ndiaidh na tréimhse toghcháin. D'fhéadfaí glacadh leis an méid seo a leanas mar shamplaí:

- ábhar promóisin scaipthe ag iarrthóirí/páirtithe polaitíochta sular cuireadh tús leis an tréimhse toghcháin;
- costais árachais nó chíosa a bhaineann le háitreabh feachtais a mhéid is go mbaineann na costais le tréimhse roimh agus/nó i ndiaidh na tréimhse toghcháin;
- Fógraí "Buíochais" scaipthe i ndiaidh an toghcháin. Féach ar 2.9 le haghaidh tuilleadh sonraí.

2.4.4 Mar shampla, má fhoilsítear fógra i nuachtán nó i bhfoilseachán tréimhsiúil eile ar a bhfuil dáta foilsithe (i.e., an dáta atá priontáilte ar an bpáipéar), atá laistigh den tréimhse toghcháin, glacfar leis an bhfógra mar chaiteachas toghcháin. Má tá an dáta foilseacháin roimh nó i ndiaidh na tréimhse toghcháin, ní ghactar leis an bhfógra mar chaiteachas toghcháin.

2.4.5 Glacfar le costas pobalbhreithe nó suirbhé cosúil eile a dhéantar laistigh den tréimhse 60 lá roimh an lá vótaíochta mar chaiteachas toghcháin [Sceideal, mír 1(g)].

2.5 Daoine a bhféadfadh caiteachas neamhúdraithe a bheith á thabhu acu chun tacú le nó cur i gcoinne iarrthóirí sa toghchán

(a) Caiteachas a bhfuil "tríú páirtithe"/"daoine eile" freagrach as

2.5.1 Ceadáítear caiteachas a bhfuil "tríú páirtithe" agus "daoine eile" freagrach as, i.e., daoine nach bhfuil baint acu le hiarrthóir nó le páirtí polaitíochta, faoin Acht ar an gcoinníoll gur thug an tríú páirtí/duine eile fógra don Choimisiún um Chaighdeán faoin bplean a bhí aige nó aici chun caiteachas toghcháin a thabhtú.

Ba cheart do ghníomhairí toghcháin méarachta fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeán más eol dóibh go bhfuil tríú páirtithe nó daoine eile ag tabhtú caiteachais toghcháin chun páirtí polaitíochta iarrthóra a chur chun cinn nó cur ina choinne.

2.5.2 Ní féidir fógraín nó fógraí a fhoilsiú i nuachtáin, irisí ná i bhfoilseacháin thréimhsiúla eile, ag tacú le nó ag cur i gcoinne iarrthóra, ach amháin má iarrann an t-iarrthóir, gníomhaire toghcháin méarachta an iarrthóra, gníomhaire náisiúnta pháirtí polaitíochta an iarrthóra nó duine atá údaraithe i scríbhinn ag an iarrthóir nó ag ceachtar de na ghníomhairí go ndéanfaí a leithéid.

Féadfaidh "tríú páirtithe" agus "daoine eile" fógraíocht nuachtáin a eagrú má chuireann siad Deimhniú Údaraithe ón gCoimisiún um Chaighdeán ar fáil ar a sonraítear go bhfuil an fhaisnéis ábhartha, i scríbhinn, curtha ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán [Alt 101(8)]. Tarraingeoidh an Coimisiún um Chaighdeán aird na n-eagarthóirí/na bhfoilsitheoirí ar cheanglais Acht 1997 sa chomhthéacs seo.

2.5.3 Chomh maith leis sin, beidh ar "Tríú páirtithe"/"Daoine Eile" a thabhaíonn caiteachas toghcháin cuntas a dhéanamh ar a gcaiteachas toghcháin i Ráiteas Caiteachais Toghcháin [Alt 106(1)(b)].

(b) Caiteachas tabhaithe ag eagraíocht pháirtí áitiúil

2.5.4 Ní cheadáítear do pháirtí polaitíochta aon chaiteachas ar leithligh nó breise á dhéanamh sa bhreis ar an teorainn caithimh reachtúil. Ba cheart go mbeadh aon chaiteachas tabhaithe thar ceann an iarrthóra ag eagraíocht an pháirtí áitiúil údaraithe ag an ngníomhaire toghcháin méarachta agus curtha san áireamh i Ráiteas Caiteachais Toghcháin an ghníomhaire toghcháin méarachta.

(c) Caiteachas déanta ag iarrthóirí sna toghcháin áitiúla agus Eorpacha

2.5.5 De bhrí go bhfuil toghcháin áitiúla agus Eorpacha 2024 ag tarlú ar an lá céanna le toghchán mhéara Luimnigh, tá an fhéidearthacht ann go dtagrófaí d'iarrthóirí i dtoghchán mhéara Luimnigh in ábhar promóisin agus fógraíocht iarrthóirí sna toghcháin áitiúla nó Eorpacha. Glacfar leis seo mar shampla de thacú le hiarrthóireacht iarrthóra i dtoghchán mhéara Luimnigh agus mar chaiteachas tabhaithe thar ceann an iarrthóra sin.

2.5.6 Ní mór go mbeadh iarrthóir sa toghchán áitiúil nó Eorpach, an stiúrtóir toghchán, etc., a bhfuil sé beartaithe aige nó aici tagairt a dhéanamh d'iarrthóir i dtoghchán mhéara Luimnigh in ábhar, fógraíocht phromóisin toghcháin áitiúil nó Eorpach, etc., údaraithe ag gníomhaire toghcháin méarachta an iarrthóra i dtoghchán mhéara Luimnigh. D'fhéadfadh duine a thabhaíonn a leithéid de chaiteachas thar ceann iarrthóra i dtoghchán mhéara Luimnigh gan a bheith údaraithe chun a leithéid a dhéanamh, a bheith ciontach i gcion.

2.5.7 Sa chás go bhfuil tagairt déanta d'iarrthóir i dtoghchán mhéara Luimnigh in ábhar nó fógraíocht toghcháin áitiúil nó Eorpaigh a úsáidtear i rith na tréimhse toghcháin, ba cheart an méid tagartha a dhéantar dó nó di a úsáid mar bhonn don chaiteachas a measadh a tabhaíodh thar ceann an iarrthóra i dtoghchán mhéara Luimnigh a ríomh.

Má mheastar go bhfuil an méid a tabhaíodh cothrom le níos lú ná €127 agus gur íoc an t-iarrthóir sa toghchán áitiúil nó Eorpach as, glactar leis mar mhionchaiteachas agus ba cheart cuntas a dhéanamh air dá réir sin. Má sháraíonn an caiteachas €127 beidh sé riachtanach cuntas a dhéanamh air sa Ráiteas Caiteachais Toghcháin a chuir an gníomhaire toghcháin méarachta nó an gníomhaire náisiúnta a d'údaraigh an caiteachas toghcháin ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin.

(d) Caiteachas a bhfuil daoine/comhlachtaí freagrach as a mheastar atá nasctha le hiarrthóir

2.5.8 Ba cheart go dtuigfeadh gníomhairí toghcháin méarachta, atá nó a bhreithníonn an Coimisiún um Chaighdeáin atá nasctha le, bainteach le, nó faoi thionchar nó á rialú ag iarrthóir, ag tabhú caiteachais ag an toghchán chun tacú leis an iarrthóir nó chun cur i gcoinne iarrthóra eile, go nglactar lena leithéid de chaiteachas mar chuid de chaiteachas toghcháin an chéad iarrthóra agus go mbeidh sé riachtanach do ghníomhaire toghcháin méarachta an iarrthóra sin é a chur san áireamh laistigh de teorainn caithimh an iarrthóra [Alt 101(4)(d)]. Má chiallaíonn an caiteachas seo go bhfuil caiteachas gníomhaire toghcháin méarachta os cionn na teorann ábhartha, glactar leis go bhfuil cion déanta.

2.5.9 Ó tharla go bhféadfaí glacadh le caiteachas déanta ag daoine áirithe/grúpaí áirithe mar chaiteachas tabhaithe thar ceann a n-iarrthóirí i ndeireadh na dála, tá sé tábhachtach go mbeadh gníomhairí toghcháin méarachta airdeallach ar ghníomhaíochtaí a leithéid de dhaoine aonair/de ghrúpaí agus, más gá, aird an Choimisiúin um Chaighdeáin a tharraingt ar a leithéid.

2.6 Céard atá i gceist le caiteachas toghcháin?

2.6.1 Foráiltear sa reachtaíocht gurb ionann caiteachas toghcháin agus an caiteachas, agus an caiteachas sin amháin, atá leagtha amach sa sainmhíniú ar chaiteachas toghcháin atá le fáil in Aguisín 1, a thabhaítear fad is atá maoin, earraí nó seirbhísí á gcur ar fáil i rith na tréimhse toghcháin [Alt 93(1) & Sceideal 1 le hAcht 1997] (8 Aibreán 2024 - 7 Meitheamh 2024) chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- tacú le toghadh iarrthóra sa toghchán, go díreach nó go hindíreach, ag toghchán mhéara Luimnigh, nó vótaí a éileamh le haghaidh nó i gcoinne iarrthóra; nó
- beartais nó beartas áirithe iarrthóra nó tuairimí iarrthóra maidir le haon ní a bhaineann le toghchán mhéara Luimnigh nó tuairimí iarrthóra maidir le beartas nó beartais iarrthóra eile i dtoghchán mhéara Luimnigh; nó
- tionchar a imirt ar shlí éigin eile ar thoradh thoghchán mhéara Luimnigh.

2.6.2 Sa chás go n-úsáidtear réadmhaoin, earraí nó seirbhísí a cuireadh ar fáil saor in aisce nó faoi bhun costais, i rith na tréimhse toghcháin, glactar leo mar chaiteachas toghcháin nach mór don gníomhaire ábhartha a chur san áireamh mar chaiteachas toghcháin ag a

bpraghas tráchtála [Alt 101(1)]. [Sampla a d'fhéadfadh a bheith i gceist nuair a chomhaontaíonn cuideachta phriontála litríocht toghcháin a chur ar fáil, saor in aisce, a chosnódh €1,500 go hiondúil.] Ní mór go mbeadh soláthar an ábhair seo údaraithe agus go mbeadh cuntas déanta air ag a phraghas tráchtála lúide aon ghnáthlascaine a d'fhéadfadh a bheith ar fáil.

Ba cheart a thabhairt faoi deara, sa chás go gcuireann gnó/cuideachta seirbhísí saor in aisce nó faoi bhun costais ar fáil, nach féidir leo luach €200 a shárú mura bhfuil an gnó/an cuideachta cláraithe mar dheontóir corparáideach leis an gCoimisiún um Chaighdeáin (féach mír 1.4.4).

2.6.3 San áireamh sa chaiteachas toghcháin tá íocaíochtaí le hoibríthe feachtais íoctha sa chás gur cuireadh admhálacha ar fáil.

2.6.4 Ní féidir samplaí deifnídeacha a chur ar fáil sna treoirí seo de gach cineál caiteachais toghcháin. Mura bhfuil tú cinnte maidir le cibé acu ar cheart nó nár cheart cuntas a dhéanamh ar mhír chaiteachas mar chaiteachas toghcháin, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin chun comhairle a fháil.

Caiteachas Toghcháin a íoctar as cistí poiblí

2.6.5 Sa chás go n-úsáidtear réadmhaoín, seirbhísí nó saoráidí atá á maoiniú go poiblí chun críocha toghcháin, ní mór an costas a bhaineann lena leithéid d'úsáid a chúiteamh leis an soláthraí ábhartha. Ansin, ní mór cuntas a dhéanamh ar a leithéid mar chaiteachas toghcháin. Ní mór go mbeadh úsáid aon ábhair dá leithéid údaraithe ag gníomhaire toghcháin méarachta an iarrthóra. Is faoin ngníomhaire ábhartha agus faoin iarrthóir atá sé, i gcomhairle le soláthraí na réadmhaoine, seirbhísí nó saoráidí, cinneadh a dhéanamh maidir le luach na húsáide chun críocha toghcháin i rith na tréimhse toghcháin agus cuntas a dhéanamh air seo freisin sa ráiteas caiteachais toghcháin. [I measc na samplaí den chineál seo caiteachais tá úsáid a bhaint as saoráidí atá á maoiniú go poiblí cosúil le clúdaigh litreach réamhíoctha, teileafóin, am foirne etc.]

2.6.6 D'fhéadfaí a cheangal ar iarrthóirí sa toghchán ar shealbhóirí oifige tofa/poiblí iad cumarsáid a dhéanamh leis na toghthóirí i rith na tréimhse toghcháin. Sa chás nach n-íoctar costais as cistí poiblí, tá sé riachtanach idirdhealú a dhéanamh idir úsáid acmhainní poiblí chun gnó ionadaíoch a dhéanamh agus úsáid a bhaint as acmhainní poiblí chun críocha toghcháin. Ní mór cuntas a dhéanamh ar aon úsáid a bhaintear as a saoráidí atá á maoiniú go poiblí chun a gcríoch toghcháin féin mar chaiteachas toghcháin.

2.6.7 Más rud é, i rith na tréimhse toghcháin, go n-úsáideann an t-iarrthóir ábhair atá á maoiniú go poiblí, chun críche aon chumarsáide gan iarraidh leis na toghthóirí, glacfar leis gur úsáideadh na hábhair chun críocha toghcháin agus déanfar cuntas ar na costais mar chaiteachas toghcháin ag a luach tráchtála iomlán.

2.6.8 Sa chás go mbíonn fiosrúchán nua ann a bhaineann le hiarrthóir ina c(h)áil mar iarrthóir (lena n-áirítear fiosrúchán nár tarraingíodh aird an iarrthóra air roimh an toghchán), fad is atá sé nó sí ag canbhasáil agus má úsáidtear saoráidí, a n-íocann cistí poiblí astu, chun críocha freagairt don fhiosrúchán, glacfar leis gur úsáideadh na saoráidí seo chun críocha toghcháin. San áireamh anseo tá an méid ama a chaith an fhoireann ag freagairt don

fhiosrúchán (seachas sa chás ina bhfuil an fhoireann ag obair ar fheachtas an iarrthóra ar bhonn deonach).

2.6.9 Meabhraítear do bhaill den Oireachtas go gcuirtear saoráidí atá á maoiniú go poiblí ar fáil dóibh féin dá n-úsáid féin mar ionadaithe poiblí. Níor cheart na saoráidí seo atá á maoiniú go poiblí a chur ar fáil d'iarrthóirí eile chun críocha toghcháin agus bheadh iarmhairtí tromchúiseacha ag a leithéid faoi Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, sa bhreis ar cuntas a dhéanamh ar chaiteachas toghcháin nach mór cuntas a dhéanamh air.

2.7 Céard nach bhfuil i gceist le caiteachas toghcháin?

2.7.1 I measc na míreanna nach nglactar leo mar chaiteachas toghcháin tá:

- **seirbhís saorphoist** curtha ar fáil d'iarrthóirí ag An Post (i.e., Litir Um Thoghcháin) [*Sceideal mír 2(a); Alt 22(2)(b)(i)*]. Ba cheart a thabhairt faoi deara, nach nglactar ach leis na costais phostais amháin mar chaiteachas toghcháin. Glactar leis an gcostas a bhaineann leis an mbileog/seoladh toghcháin/Litir um Thoghcháin mar chaiteachas toghcháin;
- **seirbhís saor in aisce curtha ar fáil do dhuine aonair**, lena n-áirítear úsáid a bhaint as mótarfheithicil an duine aonair, teileafón, etc., sa chás nach gcuirtear an tseirbhís ar fáil mar ghné d'obair nó do ghnó an duine aonair [*Sceideal mír 2(a); Alt 22(2)(b)(iii)(I)*]. [**TABHAIR FAOI DEARA:** Tagraíonn an fhoráil seo den Acht go sonrath do dhuine aonair agus don úsáid a bhaintear as mótarfheithicil (amháin) duine aonair. Má chuireann duine aonair níos mó ná feithicil amháin ar fáil, féadfar glacadh leis an úsáid a bhaintear as na feithicilí breise mar chaiteachas toghcháin. Má chuirtear feithicil atá faoi úinéireacht cuideachta, comhpháirtíochta, gnó etc., ar fáil d'iarrthóir, ní ghlactar léi mar sheirbhís saor in aisce atá curtha ar fáil ag duine aonair. I gcásanna dá leithéid, glactar le húsáid na feithicilí i rith na tréimhse toghcháin mar chaiteachas toghcháin. Ní mór an costas tráchtála a bhaineann le feithicil den chineál céanna a fhrúiliú i gcomhair tréimhse den chineál céanna a aimsiú chun críocha an chaiteachais toghcháin a ríomh.];
- **gnáthchlúdach na meán** [*Sceideal mír 2(a); Alt 22(2)(b)(iv)*]. Ní chlúdaítear anseo aon chostas táirgthe ná aon chostas eile a bhaineann le tarchur ar raidió nó teilifís;
- **fógraíocht lasmuigh den tréimhse toghcháin** - fógraí a bhí le feiceáil i nuachtán ar a raibh dáta foilsithe lasmuigh den tréimhse toghcháin e.g., fógraí "Buíochas" i nuachtáin i ndiaidh an lae vótaíochta.
- **caiteachas toghcháin tabhaithe ag toghchán Dála, Eorpach nó áitiúil roimhe seo** a nochtaíodh i Ráiteas Caiteachais Toghcháin a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeán nó údaráis áitiúil [*Sceideal mír 2(b)*]. Ní gá an caiteachas seo a thaifeadh arís. Ní bhaineann sé seo le hábhar a úsáideadh i ndáil le reifreann.

[**TABHAIR FAOI DEARA:** Má tá sé beartaithe ag iarrthóir úsáid, nó athúsáid, a bhaint as ábhar toghcháin a bhí taifeadta roimhe seo i Ráiteas Caiteachais Toghcháin, ní mór dá g(h)níomhaire toghcháin méarachta fógra a thabhairt do Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin agus sonraí a sholáthar maidir leis na hábhair atá á n-athúsáid ar an Ráiteas Caiteachais Toghcháin ar ar taifeadadh iad roimhe sin.]

- íocaíocht **táillí tabhaithe chun an t-ainmniúchán a fháil**, mar shampla, an éarlais íoctha i ndáil leis an iarrthóir nó costais taistil nó caiteachas eile tabhaithe ag iarrthóir chun aontaitheoirí a fháil chun ainmniúchán an iarrthóra a eagrú [*Sceideal mír 2(d) & (dd)*];
- an costas a bhaineann le **cóipeanna de chlár na dtoghthóirí** a cheannach [*Sceideal mír 2(e)*];
- **caiteachas réasúnach** mhaireachtála (lena n-áirítear cóiríocht) iarrthóra agus oibrithe deonacha atá ag obair ar a s(h)on [*Sceideal mír 2(f)*]. Faoin gceannteideal seo, le cois na gcostas cóiríochta, ceadaítear suas le €50, an duine, a chaitheamh ar shólaistí, etc., agus ní gá cuntas a dhéanamh air. (Ciallaíonn sé seo nach nglactar le costais chóiríochta móide costais eile suas go dtí €50 an duine sa lá mar chaiteachas toghcháin.);
- Níor cheart go sáródh an caiteachas le haghaidh sólaistí don iarrthóir agus d'oibrithe deonacha an fheachtais tabhaithe gach lá ar aon duine amháin an méid arna chinneadh ag an gCoimisiún um Chaighdeáin mar chostais mhaireachtála réasúnacha.
- aon oibrí feachtais íoctha a thabhaíonn mionchaiteachas (nach sáraíonn €127 in aon íocaíocht amháin) go dleathach i ndáil leis an toghchán mura n-aisíoctar an tsuim sin leis an duine. (I dtéarmaí simplí, ciallaíonn sé seo go bhféadfaí duine aonair íoc le haghaidh míreanna níos lú a chosnaíonn níos lú ná €127 agus nach nglactar leo seo mar chaiteachas toghcháin mura ndéanann an duine aonair iarracht aisíocaíocht a lorg ón ngníomhaire toghcháin méarachta) [*Sceideal mír 2(g)*].

[**TABHAIR FAOI DEARA:** Is iad na daoine ar féidir leo caiteachas a thabhu nó íocaíochtaí a dhéanamh go dleathach ag toghchán i ndáil le hiarrthóir, gníomhaire toghcháin méarachta iarrthóra nó duine atá údaraithe ag an ngníomhaire toghcháin méarachta chun caiteachas toghcháin a thabhu. Dá réir sin, tá cion á dhéanamh ag aon duine eile a thabhaíonn caiteachas nó a dhéanann íocaíochtaí ag toghchán thar ceann iarrthóra.

Ní mór do ghníomhairí toghcháin méarachta taifead a choimeád de gach mionchaiteachas nach bhfuil cuntas á dhéanamh orthu mar chaiteachas toghcháin ina Ráiteas Caiteachais Toghcháin. Chun déileáil le haon cheist a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir leis an gcúis ar úsáideadh caiteachas a bhain le míreanna áirithe i rith tréimhse toghcháin gan a bheith ar taispeáint mar chaiteachas toghcháin sa Ráiteas Caiteachais Toghcháin, b'fhéidir go mbeadh sé riachtanach taifead maidir le "mionchaiteachas" dá leithéid a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh sonraisc, admhálacha agus dearbháin a bhaineann le mionchaiteachas a bheith ag teastáil agus ba cheart don ghníomhaire toghcháin

méarachta iad a choinneáil. Níl mionchaiteachas san áireamh i ríomh an chaiteachais toghcháin iomlán a tabhaíodh.

- **oibrithe deonacha a thógann saoire bhliantúil**, e.g. sa chás go dtógann ball foirne de FPE atá ag dul as oifig nó ball foirne de bhall den Oireachtas (cosúil le cúntóir pearsanta, cúntóir taighde, etc.) saoire bhliantúil agus go n-oibríonn sé nó sí ar fheachtas toghcháin iarrthóra ar bhonn deonach i rith na tréimhse toghcháin, glactar leis go bhfuil an obair a rinne an ball foirne déanta mar sheirbhís saor in aisce agus ní ghlactar le costas a t(h)uarastail, fad is a bhí sé nó sí ag obair go deonach, mar chaiteachas toghcháin chun críche Acht 1997;
- **fíneálacha** gearrtha ag orgáin de chuid an Stáit, e.g., fíneálacha páirceála agus bruscair;
- seirbhísí cuntasóra, nó duine éigin eile, (cibé acu íoctha nó neamhíoctha) fostaithe don chríoch sonracha a bhaineann lena chinntiú go bhfuil ceanglais Acht 1997 á gcomhlíonadh;
- úsáid a bhaint as oifigí atá faoi úinéireacht páirtí polaitíochta nó a chuirtear ar fáil d'iarrthóir le húsáid ag an toghchán. Ní gá costas cíosa barúlach a lua le húsáid a bhaint as a leithéid d'oifigí. Glactar, áfach, leis na costais a bhaineann le solas, teas, teileafóin, etc., tabhaithe chun críocha toghcháin ag a leithéid d'oifigí i rith na tréimhse toghcháin mar chaiteachas toghcháin.
- Póstaeir toghcháin a bhaint (má bhaintear iad i ndiaidh an lae vótaíochta).
- Ábhar Toghcháin eile lasmuigh den Tréimhse Toghcháin, cosúil le cártaí "Buíochas", bileoga, nuachtlitreacha, etc., a scaipeadh lasmuigh den tréimhse toghcháin.
- Úsáid a bhaint as teileafóin phríobháideacha (lena n-áirítear teileafóin phóca) sa chás nár aisíocadh an caiteachas tabhaithe leis an duine.
- Iompar agus Taisteal, lena n-áirítear costais díosail/peitрил nár aisíocadh leis an duine.
- Cóisir "Deireadh na vótaíochta".

Níl an liosta seo uileghabhálach. Má tá aon cheist agat maidir le míreanna caiteachais a d'fhéadfá a thabhtú i rith na tréimhse toghcháin, beidh Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin in ann cabhrú leat nuair a bheidh an Ráiteas Caiteachais Toghcháin á líonadh agat.

2.8 Caiteachas eile tabhaithe chun iarrthóireacht duine sa toghchán a éascú

2.8.1 B'fhéidir go mbeadh sé riachtanach caiteachas áirithe a thabhtú thar ceann an iarrthóra chun a rannpháirtíocht sa phróiseas toghcháin a éascú nó chun teacht ar thuiscint ar an reachtaíocht ábhartha. Ní ghlacann an Coimisiún um Chaighdeáin lena leithéid de chaiteachas mar chuid de chaiteachas toghcháin iarrthóra nó páirtí polaitíochta. D'fhéadfaí go n-áireofaí i measc na samplaí:

- costais chúraim leanaí bhreise;
- an costas a bhaineann le hionadaithe oibre;
- cead neamhláithreachta le pá;
- ús bainc agus táillí bainc;
- costais a bhaineann le cruinnithe tionólta chun eolas maidir le ceanglais na reachtaíochta toghcháin a roinnt le rannpháirtithe toghcháin (e.g., seomra ar cíós, doiciméid, sólaistí, taisteal).

2.9 Sonraisc a íoc le soláthraithe

2.9.1 Ní mór go mbeadh éilimh ar íocaíocht caiteachais toghcháin, ó sholáthraithe, faighte ag an ngníomhaire toghcháin méarachta laistigh de 45 lá i ndiaidh an lae vótaíochta (i.e., 22 Iúil 2024). Ní féidir leis an ngníomhaire toghcháin méarachta éilimh a fhaightear i ndiaidh a dáta sin a íoc [Alt 104(b)].

Glactar leis gur cion é íocaíocht a dhéanamh má fhaightear an t-éileamh i ndiaidh 45 lá. Ar mhaithe le díospóidí a sheachaint, tá sé tábhachtach go dtarraingeodh gníomhairí aird a soláthraithe ar an gceanglas seo nuair a bhíonn orduithe á ndéanamh don réadmhaoin, d'earraí nó do sheirbhísí. Ainneoin nach féidir a leithéid d'éilimh a íoc, fós glactar leo mar chaiteachas toghcháin agus ní mór cuntas a dhéanamh orthu sa Ráiteas Caiteachais Toghcháin a chuirtear ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin [Alt 105].

2.10 Ráiteas Caiteachais Toghcháin a chur ar fáil i ndiaidh an toghcháin

2.10.1 Go gairid i ndiaidh an toghcháin, seolfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin Ráiteas Caiteachais Toghcháin agus Foirm um Dhearbhú Reachtúil do gach gníomhaire toghcháin méarachta [Alt 106(1) & (2)]. Ar an bhfoirm seo, ní mór don ghníomhaire toghcháin méarachta sonraí gach caiteachas tabhaithe agus íocaíocht déanta ag, nó thar ceann, an ghníomhaire ar réadmhaoin, earraí nó seirbhísí úsáidte ag an iarrthóir i rith na tréimhse toghcháin a nochtadh. Ní mór go mbeadh an fhoirm chomhlánaithe faighte ag an gCoimisiún um Chaighdeáin laistigh de 56 lá i ndiaidh an lae vótaíochta (i.e., 2 Lúnasa 2024).

2.10.2 Ní mór an méid seo a leanas a chur san áireamh sa Ráiteas Caiteachais Toghcháin:

- mionsonraí gach caiteachais tabhaithe agus gach íocaíocht déanta ag an ngníomhaire toghcháin méarachta agus a d(h)aoine údaraithe, lena n-áirítear soláthairtí réadmhaoine, earraí nó seirbhísí saor in aisce nó faoi bhun costais a úsáideadh i rith na tréimhse toghcháin [Alt 106(1)(a)];

- sonraí daoine údaraithe (d'fhéadfadh an t-iarrthóir nó an stiúrtóir toghchán a bheith san áireamh) lena n-áirítear an méid ar údaraíodh gach duine údaraithe chun a chaitheamh agus na méideanna iarbhir a chaith siad;
- sonraí faoi mhéid theorainn caithimh an iarrthóra a shann an t-iarrthóir dá p(h)áirtí polaitíochta [Alt 106(2)]. Mar a sonraíodh i mír 2.4.3, ní mór don ghníomhaire toghcháin méarachta cóip den chomhaontú scríofa idir an t-iarrthóir agus an páirtí polaitíochta a chur ar fáil lena Ráiteas Caiteachas Toghcháin;
- sonraí maidir le haon éileamh díospóidte a bhaineann le híocaíocht [Alt 105];
- eolas maidir le héilimh dhéanacha ar íocaíocht (i.e., éilimh faighte níos mó ná 45 lá i ndiaidh an lae vótaíochta) [Alt 106];
- sonraí maidir le caiteachas tabhaithe ar earraí, réadmhaoín nó seirbhísí úsáidte i rith na tréimhse toghcháin sa chás gur íocadh as costais na n-earraí, na réadmhaoine nó na seirbhísí as cistí poiblí.

2.10.3 Chomh maith leis sin, b'fhéidir go mbeadh sé riachtanach taifead ar mhionchaiteachas a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin chun déileáil le haon cheist a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir leis an gcúis nár taispeánadh míreanna áirithe a úsáideadh i rith na tréimhse toghcháin mar chaiteachas toghcháin ar an Ráiteas Caiteachais Toghcháin. Ní chuirfear mionchaiteachas san áireamh i ríomh an chaiteachais toghcháin iomláin tabhaithe (tá sainmhíniú ar "mionchaiteachas" le fáil thuas).

2.10.4 Ní mór sonraisc, admhálacha nó dearbháin le haghaidh gach íocaíochta de chaiteachas toghcháin a sháraíonn €127 a chur san áireamh sa Ráiteas Caiteachais Toghcháin [Alt 101(7)]. Coimeádann an Coimisiún um Chaighdeáin an ceart aon sonrasc, admháil nó dearbhán a lorg le haghaidh míre caiteachais lena mbaineann luach níos lú ná €127 a bhíonn le feiceáil i Ráiteas Caiteachais Toghcháin nó i dtaifead ar mhionchaiteachas.

2.10.5 Cuirfear fógra maidir le mion-easnaimh nó earráidí a aimsíonn an Coimisiún um Chaighdeáin i Ráiteas Caiteachais Toghcháin chuig an ngníomhaire toghcháin méarachta. Má iarrtar air nó uirthi a Ráiteas Caiteachais Toghcháin a leasú, ní mór don ghníomhaire toghcháin méarachta a leithéid a dhéanamh laistigh de 14 lá [Alt 4(2)].

2.10.6 Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin faisnéis bhreise a lorg ó ghníomhaire toghcháin méarachta i ndáil lena Ráiteas Caiteachais Toghcháin. Sa chás go lorgaítear faisnéis bhreise, ní mór a leithéid a chur ar fáil i bhfoirm a bheidh á cinneadh ag an gCoimisiún um Chaighdeáin agus ní mór go mbeadh Dearbhú Reachtúil leis [Alt 106(3)(a)].

2.10.7 Leagfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin an Ráiteas Caiteachas Toghcháin agus na Foirmeacha um Dhearbhú Reachtúil faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais [Alt 108(2)] agus cuirfear ar fáil don phobal iad chun iad a scrúdú agus a chóipeáil [Alt 73]. Chomh maith leis sin, cuirfear sonraí achomair den chaiteachas tabhaithe ar fáil i dtuarascáil a chuirfear faoi bhráid Chathaoirleach Dháil Éireann [Alt 4(1)] agus foilseofar é ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Chaighdeáin.

2.11 Cionta agus pionóis infheidhme maidir le gníomhairí toghcháin méarachta ag an toghchán

2.11.1 Baineann cionta coiriúla le neamhchomhlíonadh ceanglas áirithe i Acht 1997. Tá cionta áirithe inphionóis ar chiontú go hachomair le fíneáil, agus tá cionta eile inphionóis ar díotáil le fíneáil nó príosúnacht. Baineann cionta áirithe le hiarrthóirí, gníomhairí toghcháin méarachta nó tríú páirtithe agus d'fhéadfadh cionta eile a bheith ag baint le haon duine a bhfuil baint aige nó aici le caiteachas toghcháin.

Tá achoimre sa tábla thíos le fáil ar na cionta faoi Acht 1997 a bhaineann le gníomhairí toghcháin méarachta agus Toghchán Mhéara Luimnigh. Ba cheart do ghníomhairí toghcháin méarachta tagairt a dhéanamh d'fhorálacha Acht 1997 má theastaíonn tuilleadh sonraí uathu.

Ba cheart go dtuigfeadh iarrthóirí freisin go mbainfidh na cionta a bhaineann le gníomhaire toghcháin méarachta le hiarrthóir sna cásanna seo a leanas: (1) tá an t-iarrthóir i ndiaidh é nó í féin a cheapadh chun feidhmiú mar ghníomhaire toghcháin méarachta, nó (2) meastar gurb ionann an t-iarrthóir agus an gníomhaire toghcháin méarachta de bhrí gur theip air nó uirthi gníomhaire toghcháin méarachta a cheapadh, agus fógra a thabhairt don cheann comhairimh méarachta maidir le hainm agus seoladh gníomhaire toghcháin méarachta.

Is féidir leis an gCoimisiún um Chaighdeáin imeachtaí achoimre a thabhairt le haghaidh cionta agus is féidir leis iad a ionchúiseamh. In aon chás eile, féadfar an ní a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Cion	Duine dlítheanach	Pionós uasta	Ailt d'Acht 1997
Mainneachtain síntiús anaithnid a chur ar aghaidh go dtí an Coimisiún um Chaighdeáin	Iarrthóir, gníomhaire toghcháin méarachta nó tríú páirtí	Fíneáil €2,500	94(2)(a) agus 113(1)(a)
Mainneachtain sonraí síntiús a shonrú i ráiteas nó i ndeimhniú don Choimisiún	Gníomhaire toghcháin méarachta	Fíneáil €2,500	94(2)(b) agus 113(1)(a)
Mainneachtain ráiteas síntiús a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin laistigh de 56 lá ina bhfuil na mionsonraí riachtanacha agus atá san fhoirm riachtanach	Gníomhaire toghcháin méarachta	Fíneáil €2,500 (agus €130 in aghaidh an lae i gcomhair gach lá i ndiaidh an chiontaithe go dtí go gcuirtear a leithéid ar fáil)	95(1) agus 113(1)(b) agus (5)(a)
Mainneachtain dearbhuithe reachtúla a bheith á gcur ar fáil ag an ngníomhaire toghcháin	Gníomhaire toghcháin méarachta	Fíneáil €2,500	95(2) agus 113(1)(b)

Cion	Duine dlítheanach	Pionós uasta	Ailt d'Acht 1997
méarachta agus ag an iarrthóir maidir le cruinneas an ráitis síntiús			
Mainneachtain faisnéis bhreise nó fhorlíontach nó dearbhú reachtúil a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin ar iarratas	Gníomhaire toghcháin méarachta	Fíneáil €2,500	95(3) agus 113(1)(b)
Glacadh le síntiús a sháraíonn an méid atá leagtha amach in alt 96 i mbliain áirithe	Iarrthóir, gníomhaire toghcháin méarachta nó tríú páirtí	Fíneáil €2,500	96(1) agus 113(1)(c)
Glacadh le síntiús ó lasmuigh d'oileán na hÉireann (seachas saoránaigh Éireannacha agus cuideachtaí Éireannacha, mar atá leagtha amach in alt 96)	Iarrthóir, gníomhaire toghcháin méarachta nó tríú páirtí	Fíneáil €2,500	96(2) agus 113(1)(c)
Mainneachtain síntiúis a fuarthas i gcuntas síntiús a oscailt agus a lóisteáil	Iarrthóir, gníomhaire toghcháin méarachta nó tríú páirtí	Fíneáil €2,500	97(1) agus 113(1)(d)
Mainneachtain ráiteas airgeadais agus deimhniú agus dearbhú reachtúil tionlacain a chur ar fáil le ráiteas síntiús	Gníomhaire toghcháin méarachta	Fíneáil €2,500 (agus €130 in aghaidh an lae i gcomhair gach lá i ndiaidh an chiontaithe go dtí go gcuirtear a leithéid ar fáil)	97(2) agus (4) agus 113(1)(d) agus (5)(b)
Mainneachtain ráiteas maidir le caiteachas agus dearbháin toghcháin a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin laistigh de 56 lá	Gníomhaire toghcháin méarachta nó duine a thug fógra maidir le caiteachas toghcháin neamhúdaraithe a thabhtú ("duine eile")	Fíneáil €2,500 (agus €130 in aghaidh an lae i gcomhair gach lá i ndiaidh an chiontaithe go dtí go gcuirtear a leithéid ar fáil)	106(1) agus 113(1)(h) agus (5)(c)
Mainneachtain dearbhuithe reachtúla a chur ar fáil maidir le cruinneas an ráitis ar chaiteachas toghcháin	Gníomhaire toghcháin méarachta nó duine a thug fógra maidir le caiteachas toghcháin neamhúdaraithe	Fíneáil €2,500	106(2) agus 113(1)(h)

Cion	Duine dlítheanach	Pionós uasta	Ailt d'Acht 1997
	a thabhú (“duine eile”)		
Mainneachtain faisnéis bhreise nó fhorlíontach nó dearbhú reachtúil a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin ar iarratas	Gníomhaire toghcháin méarachta nó duine a thug fógra maidir le caiteachas toghcháin neamhúdaraithé a thabhú (“duine eile”)	Fíneáil €2,500	106(3) agus 113(1)(h)
Mainneachtain cóip d'ordú cúirte ábhartha a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin	Gníomhaire toghcháin méarachta nó duine a thug fógra maidir le caiteachas toghcháin neamhúdaraithé a thabhú (“duine eile”)	Fíneáil €2,500	106(4) agus 113(1)(h)
Mainneachtain ráiteas caiteachais toghcháin d'iarrthóir atá básaithe a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin	Gníomhaire toghcháin méarachta	Fíneáil €2,500	106(6) agus 113(1)(h)
Éileamh ar chaiteachas toghcháin a íoc a chuirtear ar fáil níos mó ná 45 lá i ndiaidh an toghcháin	Gníomhaire toghcháin méarachta nó duine a thug fógra maidir le caiteachas toghcháin neamhúdaraithé a thabhú (“duine eile”)	Fíneáil €2,500	104 agus 113(3)
Ráiteas síntiús a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin atá falsa nó míthreorach in aon phonc ábhartha	Gníomhaire toghcháin méarachta	Príosúnacht 3 bliana nó fíneáil €25,000	95 agus 113(4)(a)
Dearbhú reachtúil a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin i ndáil le ráiteas síntiús atá falsa nó míthreorach in aon phonc ábhartha	Gníomhaire toghcháin méarachta	Príosúnacht 3 bliana nó fíneáil €25,000	95 nó 97(4) agus 113(4)(b)
Ráiteas deontais nó deimhniú tionlacain a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin i ndáil le síntiús atá falsa nó	Gníomhaire toghcháin méarachta	Príosúnacht 3 bliana nó fíneáil €25,000	97(3) agus 113(4)(c)

Cion	Duine dlítheanach	Pionós uasta	Ailt d'Acht 1997
míthreorach in aon phonc ábhartha			
Ráiteas caiteachais toghcháin a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán atá falsa nó míthreorach in aon phonc ábhartha	Gníomhaire toghcháin méarachta	Príosúnacht 3 bliana nó fíneáil €25,000	106(1) agus 113(4)(d)
Dearbhú reachtúil a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán i ndáil le ráiteas caiteachais toghcháin atá falsa nó míthreorach in aon phonc ábhartha	Gníomhaire toghcháin méarachta	Príosúnacht 3 bliana nó fíneáil €25,000	106(2) nó (3) agus 113(4)(e)

Caibidil 3 – Treoir maidir le Nithe Áirithe

3.1 Ócáidí Tiomsaithe Airgid

3.1.1 Cinneadh a dhéanamh maidir le glanluach ranníocaíochta d'ócáid tiomsaithe airgid

De réir fhorálacha alt 22(2)(a)(vi) & (vii) d'Acht 1997, cuimsítear i síntiús glanluach ranníocaíochta d'ócáid tiomsaithe airgid. Meastar go bhfuil ranníocaíocht d'ócáid tiomsaithe airgid déanta ar an dáta a reáchtáiltear an ócáid tiomsaithe airgid (agus ní ar an dáta a fhaightear an ranníocaíocht).

Aimsítear glanluach ranníocaíochta d'ócáid tríd an mbrabús glan ón ócáid a ríomh (i.e., tríd an gcostas a bhaineann leis an ócáid a reáchtáil a asbhaint ón méid iomlán tiomsaithe ag an ócáid). Ansin, sanntar an brabús glan do líon na ndaoine a chuir leis an ócáid i gcomhréir leis an ranníocaíocht a rinne gach duine. Bunaithe air sin, aimsítear glanluach ranníocaíocht gach duine don ócáid tiomsaithe airgid.

Mar shampla, dá mbeadh €1,000 íoctha ag duine d'ócáid tiomsaithe airgid, mar tháille iontrála do 10 daoine, bheadh a ranníocaíocht chomhlán don ócáid cothrom le €1,000. Má bhí costas €20 an duine luaite leis an gcostas a bhain leis an ócáid a reáchtáil, asbhainfí €200 dá ranníocaíocht chomhlán, rud a chiallódh go mbeadh an ranníocaíocht ghlan cothrom le €800. Má chuir an duine ranníocaíochtaí eile ar fáil don ócáid (e.g., capaill a cheannach ag oíche rásaíochta, poll a urrú mar chuid de chomórtas gailf), bheadh sé riachtanach luach a leithéid sin de ranníocaíochtaí a chur leis an ranníocaíocht ghlan de €800 chun críocha cinneadh a dhéanamh maidir le glanluach comhiomlán a ranníocaíochta don ócáid tiomsaithe airgid.

Leagtar amach sna míreanna seo a leanas na ceanglais reachtúla a bhaineann le cineálacha difriúla ócáidí tiomsaithe airgid a d'fhéadfaí a eagrú i gcomhthéacs toghcháin.

3.1.2 Ócáidí tiomsaithe airgid eagraithe ag páirtí polaitíochta chun críche airgead a bhailiú don pháirtí

Sa chás go bhfuil ócáid tiomsaithe airgid á heagrú ag páirtí polaitíochta chun críocha airgead a thiomsú don pháirtí, glactar leis an ranníocaíocht ghlan curtha ar fáil ag duine don ócáid tiomsaithe airgid mar shíntiús don pháirtí. Tá sé seo fíor fiú amháin má úsáideann an páirtí an t-airgead ina dhiaidh sin chun críocha tacú le hiarrthóir amháin nó níos mó ag toghchán [Alt 22(2)(a)(vii)].

Má thugtar cuid de nó ranníocaíochtaí uile na hócáide d'iarrthóir(i) an pháirtí i bhfoirm airgid, glactar lena leithéid mar shíntiús atá tugtha ag an bpáirtí don iarrthóir/do na hiarrthóirí. Má úsáideann an páirtí na fáiltais chun íoc as caiteachas toghcháin tabhaithe thar ceann an iarrthóra, níl glactar leis mar shíntiús atá á thabhairt ag an bpáirtí don iarrthóir/do na hiarrthóirí. Ní cheanglófar ar an bpáirtí luach iomlán fháiltais na hócáide tiomsaithe airgid a nochtadh i Ráiteas Síntiús. Ceanglófar ar an bpáirtí aon síntiús ó dhuine a sháraíonn a glanluach €1,500, a nochtadh. Baineann an teorainn uasta de €2,500 le síntiús is féidir le páirtithe polaitíochta glacadh leo ón duine céanna sa bhliain chéanna le glanluach na ranníocaíochtaí a chuirtear ar fáil d'ócáidí tiomsaithe airgid. Chomh maith leis sin, tá feidhm leis an teorainn de €200 i ndáil le síntiús ar féidir glacadh leo ó dheontóirí corparáideacha neamhchláraithe. Sa chás go sáraíonn glanluach aon síntiús airgid aonair

curtha ar fáil d'ócáid tiomsaithe airgid €100, ceanglófar ar aonad cuntasáochta an pháirtí, (i.e., brainse cheannoifige) a d'eagraigh an ócáid, mura bhfuil ceann aige cheana féin, cuntas síntiúis polaitíochta a oscailt. Mura sáraíonn glanluach aon síntiúis airgid aonair don ócáid €100, ní cheanglófar ar aonad cuntasáochta an pháirtí cuntas síntiúis polaitíochta a oscailt. Má tá cuntas síntiúis polaitíochta ag an aonad cuntasáochta cheana féin, ní mór gach síntiúis airgid, de chibé luach, a fhaightear i ndáil leis an ócáid a lóisteáil sa chuntas síntiúis polaitíochta.

3.1.3 Ócáidí tiomsaithe airgid eagraithe ag páirtí polaitíochta chun críocha airgid a thiomsú dá iarrthóir(i) ag an toghchán

Sa chás go bhfuil ócáid tiomsaithe airgid eagraithe ag páirtí polaitíochta chun críocha airgead a thiomsú dá iarrthóir(i) ag an toghchán agus go gcuirtear fáltais na hócáide ar fáil don iarrthóir/do na hiarrthóirí, glactar leis gurb ionann an páirtí agus idirghabhálaí atá ag glacadh le síntiúis thar ceann an iarrthóra/na n-iarrthóirí. Glactar leis an ranníocaíocht ghlan a chuir duine ar fáil don ócáid tiomsaithe airgid mar shíntiúis don iarrthóir/do na hiarrthóirí. Is é an t-iarrthóir/na hiarrthóirí (i.e., ní an páirtí) atá freagrach as an síntiúis agus ní mór dó nó di a chinntiú go bhfuil na ceanglais reachtúla á gcomhlíonadh aige nó aici.

Más amhlaidh, áfach, go mbíonn na fáltais fós á rialú ag an bpáirtí, is féidir glacadh leis gur cuireadh na síntiúis ar fáil don pháirtí agus beidh an páirtí freagrach as a chinntiú go bhfuil na ceanglais reachtúla á gcomhlíonadh.

3.1.4 Ócáidí tiomsaithe airgid eagraithe ag iarrthóir

Sa chás go bhfuil ócáid tiomsaithe airgid eagraithe ag iarrthóir chun críche airgead a thiomsú dá f(h)eachtas toghcháin, glactar leis gurb ionann ranníocaíochtaí a chuirtear ar fáil don ócáid agus síntiúis atá curtha ar fáil don iarrthóir [Alt 22(2)(a)(vi)].

Ní cheanglófar ar an iarrthóir luach iomlán fháltais na hócáide tiomsaithe airgid a nochtadh i Ráiteas Síntiúis. Ceanglófar ar an iarrthóir aon síntiúis ó dhuine a chuireann leis an ócáid a sháraíonn glanluach de €600 a nochtadh. Baineann an teorainn uasta de €1,000 le síntiúis ar féidir le hiarrthóirí glacadh leo ón duine céanna sa bhliain chéanna le glanluach na ranníocaíochtaí a chuirtear ar fáil d'ócáidí tiomsaithe airgid. Má sháraíonn glanluach aon síntiúis airgid a chuirtear ar fáil d'ócáid tiomsaithe airgid eagraithe ag iarrthóir €100, ceanglófar ar an iarrthóir, mura bhfuil ceann aige nó aici cheana féin, cuntas síntiúis polaitíochta a oscailt agus an síntiúis sin agus gach síntiúis airgid a fhaightear ina dhiaidh sin a lóisteáil sa chuntas. Mura sáraíonn glanluach aon síntiúis airgid aonair don ócáid €100, ní cheanglófar ar an iarrthóir cuntas síntiúis polaitíochta a oscailt. Má tá cuntas síntiúis polaitíochta ag an iarrthóir cheana féin, ní mór gach síntiúis airgid, de chibé luach, a fhaightear i ndáil leis an ócáid a lóisteáil sa chuntas.

3.1.5 Ócáidí tiomsaithe airgid eagraithe thar ceann iarrthóra ag duine nó ag grúpa seachas an t-iarrthóir nó a p(h)áirtí polaitíochta

Sa chás go n-eagraíonn duine nó grúpa seachas an t-iarrthóir nó a p(h)áirtí polaitíochta ócáid tiomsaithe airgid thar ceann iarrthóra (e.g., "Cairde ... grúpaí") agus go dtugtar fáltais na hócáide ar lámh don iarrthóir, glactar leis an duine/an grúpa tiomsaithe airgid mar idirghabhálaí atá ag glacadh le síntiúis thar ceann an iarrthóra. Meastar gur ghlac an t-iarrthóir leis na síntiúis agus go bhfuil sé nó sí freagrach as a chinntiú go bhfuil na ceanglais reachtúla (leagtha amach ag 3.1.4 thuas) á gcomhlíonadh.

Mura dtugtar fáiltas ócáide ar láimh don iarrthóir agus má choimeádann an grúpa tiomsaithe airgid, tá feidhm leis an méid seo a leanas:

- má sháraíonn glanluach aon síntiúis don ócáid tiomsaithe airgid €100, ceanglófar ar an duine/an grúpa clárú mar "tríú páirtí" leis an gCoimisiún um Chaighdeáin. Ceanglófar ar an duine/ar an ngrúpa an méid seo a leanas a dhéanamh:
- forálacha an Achta a bhaineann le tríú páirtithe a chomhlíonadh chomh fada is a bhaineann le cuntas síntiúis polaitíochta a oscailt agus glacadh le síntiúis áirithe,
- glactar le gach airgead a thugtar don iarrthóir ina dhiaidh sin agus le gach caiteachas toghcháin tabhaithe nó íocaíochtaí déanta ag an ngrúpa tiomsaithe airgid thar ceann an iarrthóra mar shíntiúis don iarrthóir,
- má sháraíonn luach comhiomlán na síntiúis ón iarrthóir €600, ceanglófar ar an iarrthóir na sonraí a bhaineann lena leithéid a nochtadh ina Ráiteas Síntiúis, agus
- tá luach uasta na síntiúis ar féidir le hiarrthóir glacadh leis in aon bliain ón duine/ón ngrúpa tiomsaithe airgid a nglactar leis mar thríú páirtí (agus ní mar idirghabhálaí atá ag glacadh le síntiúis thar ceann an iarrthóra) cothrom le €1,000.

3.2 Fógraíocht ar fheithiclí

3.2.1 Glactar le hoiriúnú ("clúdach") carranna, jípeanna, veaineanna, etc., le libhré páirtí polaitíochta mar chaiteachas toghcháin de bhrí go dtacaíonn a leithéid le hiarrthóireacht duine agus/nó leas páirtí polaitíochta sa toghchán. Má úsáidtear a leithéid sin d'fheithiclí i rith na tréimhse toghcháin, glactar leis na costais iomlána a bhaineann leis an bhfógraíocht ar na feithiclí mar chaiteachas toghcháin.

3.2.2 Tuigeann an Coimisiún um Chaighdeáin, áfach, go n-úsáideann roinnt ionadaithe poiblí clinicí toghcheantair soghluaiste atá "clúdaithe" le libhré an ionadaí phoiblí nó an pháirtí polaitíochta cheana féin. Tá an Coimisiún um Chaighdeáin den tuairim sa chás go raibh a leithéid d'fheithiclí in úsáid ar bhonn leanúnach agus go bhfuil siad "clúdaithe" le libhré ginearálta agus nach bhfuil iarracht fhollasach á déanamh tacú le hiarrthóireacht duine agus/nó leasanna páirtí polaitíochta ag an toghchán, nach nglacfar leis an gcostas a bhaineann leis na feithiclí seo a oiriúnú mar chaiteachas toghcháin má úsáidtear na feithiclí i rith na tréimhse toghcháin.

3.2.3 Má tá oifig shoghluaiste in úsáid, áfach, díreach don toghchán nó má "clúdaíodh" í le libhré a thacaíonn go follasach le hiarrthóireacht duine, leasanna páirtí nó a lorgaíonn vótaí d'iarrthóirí agus/nó do pháirtí polaitíochta ag an toghchán, ansin glactar leis an gcostas a bhaineann leis an bhfeithicil a oiriúnú mar chaiteachas toghcháin agus, má úsáidtear an feithicil i rith na tréimhse toghcháin, ní mór cuntas a dhéanamh ar an gcostas iomlán a bhaineann leis an bhfeithicil a oiriúnú.

3.2.4 Sa chás nach bhfuil sé beartaithe cuntas a dhéanamh ar fhógraíocht / ar libhré ar fheithicil feachtais ar an mbonn nach bhfuil an fhógraíocht / an libhré in úsáid chun críocha toghcháin, ba cheart don ghníomhaire ábhartha teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin chun a dheimhniú nach caiteachas toghcháin é an fhógraíocht / an libhré.

3.3 Póstaer loite nó dhamáistithe

3.3.1 Is é seasamh an Choimisiúin um Chaighdeán maidir le póstaer loite nó dhamáistithe má chrochtar póstaer i rith na tréimhse toghcháin (8 Aibreán 2024 - 7 Meitheamh 2024), go nglactar leis gur úsáideadh é i rith na tréimhse toghcháin agus ní mór cuntas a dhéanamh air mar chaiteachas toghcháin fiú amháin má thiteann an póstaer, má loitear é etc. roimh an lá vótaíochta. Chomh maith leis sin, glactar leis an gcostas a bhaineann le póstaer loite nó dhamáistithe a ionadú mar chaiteachas toghcháin má úsáidtear na póstaer ionadaithe i rith na tréimhse toghcháin.

3.4 Úsáid ball foirne a bhfuil a dtuarastail á n-íoc as cistí poiblí

3.4.1 Foráiltear le hAcht 1997, go n-aisíocfar agus go nglacfar le hearraí, réadmhaoin nó seirbhísí, sa chás go n-úsáidtear cistí poiblí chun íoc as na costais, agus a úsáidtear chun *críocha toghcháin* i rith na tréimhse toghcháin, mar chaiteachas toghcháin.

3.4.2 Má tá ball foirne (i.e., comhairleoir speisialta, rúnaí toghcheantair, tiománaí, cúntóir pearsanta, cúntóir taighde, etc.) de shealbhóir oifige tofa/poiblí páirteach ina g(h)náthdualgais i rith na tréimhse toghcháin agus mura bhfuil seirbhís á cur ar fáil chun críocha toghcháin, ansin ní ghlactar leis an gcostas a bhaineann lena leithéid de ghníomhaíochtaí a chur i gcrích mar chaiteachas toghcháin. Sa chás go bhfuil a leithéid de bhaill foirne páirteach i ngníomhaíochtaí chun críocha toghcháin, glactar lena gcostais mar chaiteachas toghcháin. Is faoi shealbhóir na hoifige poiblí, i gcomhpháirt lena g(h)níomhaire toghcháin méarachta agus soláthraí na seirbhísí a bheidh sé cinneadh a dhéanamh faoin méid oibre a rinne a leithéid de bhaill foirne chun críocha toghcháin i rith na tréimhse toghcháin agus cuntas a dhéanamh ar a leithéid i Ráiteas Caiteachais Toghcháin an ghníomhaire toghcháin méarachta.

3.4.3 Cuirtear carranna Stáit agus tiománaithe ón nGarda Síochána ar fáil do roinnt sealbhóirí oifige poiblí chun críocha slándála. Dá réir sin, ní ghlactar le húsáid carranna Stáit sna cásanna seo, lena n-áirítear tiománaithe, i rith na tréimhse toghcháin mar chaiteachas toghcháin de bhrí go gcuirtear na carranna agus na tiománaithe ar fáil mar bheart slándála agus go gceanglaítear ar na sealbhóirí oifige seo iad a úsáid an t-am ar fad.

3.4.4 Is féidir le roinnt sealbhóirí oifige tofa/poiblí, áfach, a gcarranna féin a chur ar fáil agus tiománaithe sibhialtaigh a cheapadh a íoctar as cistí poiblí. Glactar leis an úsáid a bhaineann a leithéid sin de dhaoine as carranna agus tiománaithe chun críocha toghcháin i rith na tréimhse toghcháin mar chaiteachas toghcháin. Ainneoin gur féidir leo costais taistil a éileamh nuair a bhíonn an carr in úsáid do ghnó oifigiúil, ní cháileodh a úsáid chun críocha toghcháin mar ghnó oifigiúil chun críocha a leithéid sin d'éilimh.

3.4.5 Sa chás go dtógann ball foirne shealbhóirí oifige tofa/poiblí saoire bhliantúil chun oibriú ar fheachtas toghcháin ar bhonn deonach i rith na tréimhse toghcháin, glactar leis gurb ionann an obair atá curtha i gcrích ag an mball foirne sin agus seirbhís saor in aisce agus, d'ainneoin go bhféadfadh an obair seo a bheith cosúil leis an obair a dhéanann an duine sin de ghnáth, ní ghlactar le costas a t(h)uarastail fad is atá sé nó sí ag obair go deonach mar chaiteachas toghcháin chun críocha Acht 1997.

3.4.6 Molann an Coimisiún um Chaighdeáin, áfach, sa chás go dtugtar dúshlán an ráitis caiteachais toghcháin curtha ar fáil ag sealbhóir oifige tofa/poiblí, gur cheart go gcinnteodh a leithéid d'iarrthóirí go bhfuil taifid chuí ar laethanta saoire fabhráithe agus tógtha ag baill foirne á gcoimeád. D'fhéadfadh an Coimisiún um Chaighdeáin deimhniú scríofa a lorg a léiríonn gur thóg an ball foirne ábhartha saoire i rith na tréimhse toghcháin.

3.5 Saorúsáid feithicilí

3.5.1 Foráiltear le Cuid 1(f) den Sceideal leis an Acht go gcuimsítear i gcaiteachas toghcháin ar iompar agus ar thaisteal "*caiteachas tabhaithe ar iompar agus ar thaisteal (trí aon mhodh), peitreal agus díosal, cíos nó úsáid feithicilí feachtais chun vótálaithe a iompar ar an lá vótaíochta, costais chóiríochta, seirbhísí tacsáí agus hacnaí agus seirbhísí cúiréara.*"

3.5.2 Foráiltear le Cuid 2(a) den Sceideal le hAcht 1997 nach nglactar le haon cheann de na nithe dá dtagraítear dóibh in Alt 22(2)(b)(i) agus 22(2)(b)(iii - v) d'Acht 1997 mar chaiteachas toghcháin. Chomh maith leis sin, foráiltear le hAcht 1997 nach nglactar leis na nithe in alt 22(2)(b) (i - vii) mar shíntiúis.

3.5.3 Foráiltear le hAlt 22(b)(iii)(I) den Acht nach nglactar le seirbhís curtha ar fáil ag **duine aonair**, lena n-áirítear úsáid a bhaint as **mótarfeithicil** an duine aonair, mar shíntiús ná mar chaiteachas toghcháin sa chás nach gcuirtear an tseirbhís sin ar fáil mar chuid d'obair nó de ghnó an duine aonair. Tagraítear go sonrath in Alt 22(b)(iii)(I) do dhuine aonair agus do mhótarfeithicil duine aonair. Dá réir sin, sa chás go gceadaíonn iarrthóir do dhaoine aonair saorúsáid a bhaint as feithicil aonair ag an toghchán, ní ghlactar lena leithéid mar shíntiús don iarrthóir nó mar chaiteachas toghcháin. Más rud é, áfach, go ngearrann an duine aonair táill chun an feithicil i gceist a úsáid, ghlacfaí lena leithéid mar shíntiús agus mar chaiteachas toghcháin. Má chuireann an duine aonair níos mó ná feithicil amháin ar fáil, féadfar glacadh leis na feithicilí breise mar shíntiúis agus mar chaiteachas toghcháin.

3.5.4 Mar atá sonrath thuas tá an tagairt in alt 22(b)(iii)(I) dírithe go sonrath ar **dhuine aonair**. Má chuirtear feithicil atá faoi úinéireacht cuideachta, comhpháirtíochta, gnó etc., ar fáil d'iarrthóir, ní ghlactar léi mar sheirbhís saor in aisce atá curtha ar fáil ag **duine aonair**. I gcásanna dá leithéid, dá réir sin, glactar le húsáid na feithicil mar shíntiús agus mar chaiteachas toghcháin. Ní mór an costas tráchtála a bhaineann le feithicil den chineál céanna a fhrúiliú i gcomhair tréimhse den chineál céanna a oibriú amach chun críoch a luach a nochtadh mar shíntiús agus chun críocha a úsáid a nochtadh i rith na tréimhse toghcháin, mar chaiteachas toghcháin.

3.6 Cuntas a dhéanamh ar úsáid oifige i rith na tréimhse toghcháin

a) Ginearálta

Chomh fada is a bhaineann le cúrsaí oifige agus stáiseanóireachta, foráiltear leis an Acht go gcuimsítear i gcaiteachas toghcháin "*costais tabhaithe i ndáil le cíos nó úsáid áitribh oifige nó seomraí cruinnithe chun críocha toghcháin (seachas chun críocha comhdhálacha páirtí bliantúla nó eile) agus na costais a bhaineann le teas, leictreachas, árachas, ceannach nó cíos trealaimh oifige, teileafón, stáiseanóireachta agus postais.*"

Dá réir sin, glactar leis an gcaiteachas a thabhaítear chun oifig a ligean ar cíos mar chaiteachas toghcháin. Ní mór cuntas a dhéanamh ar chíos íoctha i ndáil leis an tréimhse toghcháin ar an Ráiteas Caiteachais Toghcháin.

Sa chás go gcuirtear oifig ar fáil saor in aisce nó faoi bhun costais, glactar le luach tráchtála iomlán úsáid na hoifige chun críocha toghcháin i rith na tréimhse toghcháin mar chaiteachas toghcháin agus ní mór cuntas a dhéanamh air. Nuair a bhíonn cinneadh maidir leis an luach tráchtála á dhéanamh, ní mór cuntas a dhéanamh ar bhail na hoifige. Féadfar cuntas a dhéanamh ar aon lascaine a thugtar de ghnáth nó a bhíonn ar fáil go ginearálta.

Ní ghlactar le hoifig a chuirtear ar fáil, saor in aisce, in áit chónaithe phríobháideach duine, sa chás nach bhfuil an seomra á ligean ar cíos sa ghnáthchúrsa, mar chaiteachas toghcháin. Glactar, áfach, le haon chaiteachas tabhaithe, fad is a bhí leasuithe á ndéanamh chun úsáid na hoifige do chríocha toghcháin i rith tréimhse toghcháin a éascú, mar chaiteachas toghcháin.

b) Úsáid oifigí ionadaithe poiblí

Glactar le húsáid a bhaineann sealbhóir oifige tofa/poiblí as a s(h)uíomh oifige atá á maoiniú as cistí poiblí chun críocha toghcháin mar chaiteachas toghcháin. Ba cheart an méid úsáide atá bainte as an oifig chun críocha toghcháin i rith na tréimhse toghcháin a chur san áireamh. Ní mór cuntas a dhéanamh ar chostais choimhdeacha cosúil le tuarastail, teas, solas, teileafóin, facs, cóipeáil, priontáil, stáiseanóireacht, postas, clúdaigh litreach, etc., costais a tabhaíodh chun críocha toghcháin.

Chomh maith leis sin, glactar le húsáid a bhaintear as cistí poiblí chun críche toghcháin i rith na tréimhse toghcháin mar chaiteachas toghcháin. San áireamh anseo tá na costais a bhaineann le tuarastail agus costais státseirbhíseach nó comhairleoirí speisialta, a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí chun críche toghcháin i rith na tréimhse toghcháin, mar aon le costais choimhdeacha eile cosúil le teas, solas, teileafóin, facs, cóipeáil, priontáil, stáiseanóireacht, postas, clúdaigh litreach, etc. sa chás gur tabhaíodh a leithéid de chostais chun críocha toghcháin.

c) Cuntas a dhéanamh ar oifigí atá faoi úinéireacht iarrthóra nó páirtí polaitíochta

Ní cheanglaítear cuntas a dhéanamh ar chostais chíosa bharúlacha a bhaineann le húsáid a bhaint as oifig nach bhfuil faoi úinéireacht iarrthóra mar chaiteachas toghcháin. Ar an gcuma chéanna, sa chás go bhfuil oifig faoi úinéireacht páirtí polaitíochta i dtoghcheantar in úsáid ag a iarrthóir(i) i rith feachtais toghcháin, ní cheanglaítear ar an bpáirtí ná ar an iarrthóir costais chíosa bharúlacha a ghearradh le haghaidh úsáid na n-oifigí seo. Ní mór cuntas a dhéanamh, áfach, ar aon chaiteachas tabhaithe fad is a bhí leasuithe á ndéanamh chun úsáid a éascú chun críocha toghcháin i rith na tréimhse toghcháin.

d) Costais bharúlacha cíosa láithreáin do phóstaer nó d'ábhar toghcháin eile

Ní cheanglaítear cuntas a dhéanamh ar chostais bharúlacha de chíos láithreáin ina gcrochtar/ina dtaispeántar póstaer nó ábhar eile in nó mórthimpeall ar réadmhaoin phríobháideach nó áitreabh tráchtála nach láithreáin aitheanta iad chun a leithéid sin de chríoch.

Aguisín 1 - Sainmhíithe

'**cuntas**' - cuntas in institiúid sa Stát chun críche airgead a fhaightear i ndáil le síntiúis a chur do dhochar agus do shochar [Alt 22(2)(aa)];

'**iarrthóir**' - duine a dhearbhaíonn é nó í féin mar iarrthóir sa toghchán sin, nó a dhearbhaíonn daoine eile é nó í, ar nó roimh an dáta a ndéantar ordú faoi mhír 6 de Chuid 1 de Sceideal 2 d'Acht Rialtais Áitiúil (Méara Luimnigh) agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2024, lena gceaptar an lá vótaíochta do thoghchán mhéara Luimnigh [Alt 93(1)];

'**deontóir corparáideach**' - tá an méid seo a leanas i gceist:

- comhlacht corparáideach;
- comhlacht neamhchorpraithe daoine; nó
- iontaobhas

a thugann síntiús. Glactar leis gurb ionann comhlacht corparáideach agus aon fhochoimplacht de sin mar dhuine amháin [Alt 22(2)(aa)].

'**criptea-airgeadra**' - aon fhoirm d'airgeadra digiteach nach bhfuil rialaithe, agus a úsáidtear teicnící criptiúcháin i ndáil leo chun giniúint aonad airgeadra a rialú agus chun aistriú airgid a fhíorú;

'**síntiús**' - aon ranníocaíocht tugtha laistigh de nó lasmuigh den Stát (lena n-áirítear fo-eagraíocht ag a bhfuil oifig lasmuigh den Stát) chun críocha polaitiúla ag aon duine, cibé acu atá nó nach bhfuil ina b(h)all de pháirtí polaitíochta, do pháirtí polaitíochta, do bhall de cheachtar Teach den Oireachtas, ionadaí i bParlaimint na hEorpa nó tríú páirtí nó iarrthóir i dtoghchán Dála agus áirítear ann gach ceann nó aon cheann díobh seo a leanas, eadhon -

- síntiús airgid [Alt 22(2)(a)(i)];
- síntiús réadmhaoine nó earraí [Alt 22(2)(a)(ii)];
- an ceart a thabhairt chun úsáid a bhaint as, gan íocaíocht nó comaoin eile, go ceann tréimhse éiginnte nó go ceann tréimhse shonraithe ama, aon réadmhaoin nó earraí [Alt 22(2)(a)(iii)];
- seirbhísí a sholáthar gan íocaíocht nó aon chomaoin ina leith [Alt 22(2)(a)(iv)];
- an difríocht idir an praghas tráchtála agus an praghas a gearradh do cheannach, éadail nó úsáid réadmhaoine nó earraí, nó soláthar aon seirbhíse, sa chás go bhfuil an praghas, táille nó comaoin eile cothrom le níos lú ná an gnáthphraghas tráchtála [Alt 22(2)(a)(v)];
- Chomh fada is a bhaineann le ranníocaíocht déanta ag duine i ndáil le hócáid eagraithe chun críche airgead a thiomsú do bhall de cheachtar Teach den Oireachtas, ionadaí i bParlaimint na hEorpa nó tríú páirtí nó iarrthóir ag

toghchán Dála, Seanaid, toghchán mhéara Luimnigh nó toghchán Eorpach, an cion a bhaineann leis an ranníocaíocht de bhrabús glan, más ann dó, a fhaightear mar thoradh ar an ócáid a reáchtáil [Alt 22(2)(a)(vi)];

- i ndáil le ranníocaíocht tugtha ag duine a bhaineann le hócáid eagraithe chun críche airgead a thiomsú do pháirtí polaitíochta, an cion a bhaineann leis an ranníocaíocht den bhrabús glan, más ann dá leithéid, a fhaightear mar thoradh ar an ócáid agus, ainneoin nár tiomsaíodh é go sonrach chun críche tacú le hiarrthóirí amháin nó níos mó den pháirtí polaitíochta ag toghchán Dála, Seanaid, toghchán mhéara Luimnigh nó toghchán Eorpach, a úsáidtear don chúis deiridh sin [Alt 22(2)(a)(vii)], nó
- íocaíocht déanta ag duine ar a s(h)on féin, nó ar son duine amháin níos mó ná duine amháin, de tháille nó síntiús le haghaidh ballraíochta nó ballraíochta leanúnaí i bpáirtí polaitíochta) [Alt 22(2)(a)(viii)];

'caiteachas toghcháin' - is éard atá i gceist le caiteachas toghcháin, an caiteachas atá liostaithe thíos, agus an caiteachas sin amháin:

(a) Fógraíocht (beag beann ar an meán a úsáidtear).

San áireamh i measc an chaiteachais a bhaineann lena leithéid d'fhógraíocht tá táillí gníomhaireachta, costais dearaidh agus costais eile tabhaithe i ndáil le hullmhú, táirgeadh, dáileadh nó scaipeadh fógraíochta ar shlí eile [Sceideal 1(a)]

(b) Poiblíocht.

Sa chomhthéacs seo baineann caiteachas le costais tabhaithe i ndáil le craoltaí páirtí polaitíochta, aon seirbhís nó saoráid a chur ar fáil a bhaineann le preasócáidí nó déileálacha eile leis na meáin, comhairle faoi na meáin, agus oiliúint agus grianghrafadóireacht [Sceideal 1(b)].

(c) Póstaeir toghcháin.

Caiteachas a bhaineann le hábhar cosúil leis na costais a bhaineann le póstaeir toghcháin a dhearadh, a tháirgeadh, a phriontáil, a chrochadh agus a bhaint [Sceideal 1(c)]

(d) Ábhar toghcháin eile.

San áireamh sa chaiteachas a bhaineann lena leithéid d'ábhar tá dearadh, táirgeadh, priontáil agus scaipeadh a leithéid d'ábhar (seachas póstaeir), lena n-áirítear cártaí canbhasála, bileoga toghcháin, forógraí toghcháin, nuachtlitreacha agus ábhar poiblíochta toghcháin eile [Sceideal 1(d)]

(e) Oifig agus Stáiseanóireacht.

San áireamh sa chaiteachas a bhaineann leis na nithe sin tá caiteachas tabhaithe i ndáil le háitreabh oifige nó seomraí cruinnithe a fháil ar cíós nó a úsáid chun críocha toghcháin (seachas chun críocha comhdhálacha bliantúla nó comhdhálacha páirtí eile) agus na costais a bhaineann le teas, leictreachas, árachas, ceannach nó ligean ar cíós trealamh oifige, teileafóin, stáiseanóireacht agus postas [Sceideal 1(e)]

(f) Iompar agus taisteal.

San áireamh sa chaiteachas a bhaineann leis na nithe seo tá caiteachas tabhaithe ar iompar agus ar thaisteal (trí aon mhodh), peitreal agus díosal, cíos nó úsáid feithiclí feachtais, cíos nó úsáid feithiclí chun vótálaithe a iompar ar an lá vótaíochta, costais chóiríochta, seirbhísí tacsáí agus hacnaí agus seirbhísí cúiréara [Sceideal 1(f)]

(g) Taighde margaidh.

San áireamh sa chaiteachas a bhaineann leis seo tá caiteachas tabhaithe fad is atá pobalbhreith nó suirbhé cosúil á dhéanamh a bhaineann le toghchán laistigh den tréimhse 60 lá roimh an lá vótaíochta ag an toghchán nó thar ceann páirtí polaitíochta, grúpa polaitíochta nó iarrthóra ag an toghchán [Sceideal 1(g)]

(h) Oibrithe feachtais.

San áireamh sa chaiteachas a bhaineann leis seo tá íocaíochtaí le hoibrithe feachtais, árachas agus costais eile [Sceideal 1(h)]

'Toghchán mhéara Luimnigh' - [Alt 93(1)]:

- a) toghchán méarachta de réir bhrí Chuid 1 de Sceideal 2 d'Acht Rialtais Áitiúil (Méara Luimnigh) agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2024, nó
- b) toghchán méarachta cealaithe de réir alt 33 den Chuid sin

'institiúid' - [Alt 93(1)]:

- c) sealbhóir ceadúnais faoi alt 9 d'Acht an Bhainc Ceannais, 1971,
- d) cumann foirgníochta ionchorpraithe nó a mheastar atá ionchorpraithe faoi Acht Cumann Foirgníochta, 1989, nó comhlacht ionchorpraithe ar bhealach comhionann faoi dhlí aon Bhallstáit eile den Aontas Eorpach,
- e) banc taisece iontaobhais de réir bhrí Acht um Bainc Thaisce Iontaobhais, 1989,
- f) An Post, nó
- g) foras creidmheasa údaraithe de réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ceanglais Chaipitil), 2014, (I.R. Uimh. 158 de 2014) chun gnó a dhéanamh sa Stát, nó
- h) comhar creidmheasa cláraithe mar sin faoi Acht um Chomhar Creidmheasa, 1997.

“duine” - d'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist [Alt 2(1)]:

- duine aonair;
- comhlacht corparáideach (e.g., cuideachta phoiblí nó phríobháideach) nó aon fhochoimplacht a bhaineann lena leithéid. Sa chás go bhfaightear síntiúis ó chuideachtaí comhlachaithe ba cheart don iarrthóir a fháil amach ó na deontóirí cibé acu an fochuideachta nó nach fochuideachta den chuideachta eile atá i gceist;

- comhlacht neamhchorpraithe de dhaoine, e.g., páirtí polaitíochta, comhpháirtíocht, cumann cónaitheoirí, grúpa stocaireachta.

'grúpa polaitíochta' - grúpa bunaithe de réir rialacha nós imeachta Pharlaimint na hEorpa [Alt 22(2)(aa)];

'páirtí polaitíochta', - seachas i gCuid VI agus IX, ciallaíonn sé páirtí polaitíochta atá cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta de réir Chaibidil 6 de Chuid 2 d'Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022, mar pháirtí atá eagraithe chun páirt a ghlacadh in-

- (a) toghchán do bhallraíocht i nDáil Éireann,
- (b) toghchán do bhallraíocht i bParlaimint na hEorpa, nó
- (c) toghchán Mhéara Luimnigh [Alt 2(1)];

'críocha polaitíochta' - aon cheann de na críocha seo a leanas eadhon [Alt 22(2)(aa)];

- (i) (I) tacú le nó cur i gcoinne, go díreach nó go hindíreach, leasanna páirtí polaitíochta, grúpa polaitíochta, ball de cheachtar Teach den Oireachtas, Méara Luimnigh nó ionadaí i bParlaimint na hEorpa, nó
- (II) beartais nó beartas áirithe páirtí polaitíochta, grúpa polaitíochta, ball de cheachtar Teach den Oireachtas, ionadaí i bParlaimint na hEorpa nó tríú páirtí a chur i láthair, go díreach nó go hindíreach, nó
- (III) tuairimí páirtí polaitíochta, grúpa polaitíochta, ball de cheachtar Teach den Oireachtas, Méara Luimnigh, ionadaí i bParlaimint na hEorpa nó tríú páirt maidir le beartas nó beartais páirtí polaitíochta eile, grúpa polaitíochta, ball de cheachtar Teach den Oireachtas, Méara Luimnigh, ionadaí i bParlaimint na hEorpa, tríú páirtí nó iarrthóra ag toghchán nó reifreann nó ar shlí eile a chur i láthair, go díreach nó go hindíreach, nó
- (IV) tacú le nó cur i gcoinne, go díreach nó go hindíreach, leasanna tríú páirtí i ndáil le reáchtáil nó bainistiú aon fheachtas reáchtáilte agus é mar aidhm tacú le nó toradh ar leith a bhaint amach i ndáil le beartas nó beartais nó feidhmeanna an Rialtais nó aon údaráis phoiblí;
- (ii) tacú le nó cur i gcoinne, go díreach nó go hindíreach, toghadh iarrthóra ag toghchán Dála, Seanaid, Méara Luimnigh nó Eorpach, nó vótaí a éileamh le haghaidh nó i gcoinne iarrthóra nó beartais nó beartas ar leith iarrthóra a chur i láthair nó tuairimí iarrthóra maidir le haon ní a bhaineann leis an toghchán nó tuairimí iarrthóra maidir le beartas nó beartais páirtí polaitíochta nó grúpa polaitíochta nó iarrthóra eile ag an toghchán nó ar shlí eile;
- (iii) tionchar a imirt ar shlí eile ar thoradh an toghcháin nó reifrinn nó feachtais dá dtagraítear dó i mír (i)(IV) den sainmhíniú seo.

'duine freagrach' - chomh fada is a bhaineann le haonad cuntasáíochta, ciallaíonn sé seo cisteoir nó aon duine eile atá freagrach as déileáil le síntiúis a chur ar fáil don aonad, nó, i ndáil le tríú páirtí, an duine nó na daoine atá freagrach as eagrú, bainistiú nó gnóthaí airgeadais an tríú páirtí [Alt 22(2) (aa)];

'tríú páirtí' - i ndáil le toghchán mhéara Luimnigh ciallaíonn sé duine, seachas páirtí polaitíochta atá cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta de réir Chaibidil 6 de Chuid 2

d'Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022, nó iarrthóir i dtoghchán mhéara Luimnigh, a ghlacann le, in aon bhliain ar leith, síntiús a sháraíonn a luach €100. [A/t 93(1)].

Aguisín 2 Seicliosta

Roimh agus i ndiaidh na tréimhse toghcháin (le hathbhreithniú ag an iarrthóir agus ag a g(h)níomhaire toghcháin méarachta de réir mar is cuí):

- Mar iarrthóir, an bhfuil gníomhaire toghcháin méarachta ceaptha agat fós?
- Mar iarrthóir, an bhfuil aon airgead curtha ar fáil agat don ghníomhaire toghcháin méarachta le caitheamh roimh a c(h)eapachán?
- Mar iarrthóir, an bhfuil fógra curtha agat chuig an gceann comhairimh méarachta maidir le cé hé nó hí do ghníomhaire toghcháin méarachta?
- An bhfuil síntiús sa bhreis ar €100 faighte agatsa nó ag do Ghníomhaire Toghcháin Méarachta? Má tá, an bhfuil cuntas síntiús polaitíochta oscailte agat?
- Ar sheiceáil tusa nó do Ghníomhaire Toghcháin Méarachta na treoirínite d'fhonn a chinntiú nach nglacann tú le síntiúis thoirmiscithe?
- Má tá síntiús toirmiscithe faighte agatsa nó ag do Ghníomhaire Toghcháin Méarachta, an bhfuil fógra tugtha agat don Choimisiún um Chaighdeán agus/nó an bhfuil an síntiús seo tugtha ar ais agat?
- An bhfuil tusa nó do Ghníomhaire Toghcháin Méarachta ag coinneáil taifid de do chaiteachas toghcháin lena n-áirítear sonraisc, dearbháin nó admhálacha a bhfuil luach sa bhreis ar €127 luaite leo?

I ndiaidh na tréimhse toghcháin:

- Ar sheiceáil tú, mar an Gníomhaire Toghcháin Méarachta, an spriocdháta chun do thuairisceáin a chomhdú leis an gCoimisiún?

Ceanglaítear ort ráiteas síntiús agus ráiteas caiteachais toghcháin a chur ar fáil faoin 2 Lúnasa 2024

Má thoghtar thú, ní mór ráitis síntiús i gcomhair 2024 a chomhdú faoin spriocdháta - an 31 Eanáir 2025.

- An bhfuil gach sonrasc ó sholáthraithe faighte agat laistigh de 45 lá ó dheireadh na tréimhse toghcháin (i.e. 22 Iúil 2024)?
- Má osclaíodh cuntas bainc, an bhfuil na ráitis ábhartha curtha ar fáil agat?
- Nuair a bhí na foirmeacha á líonadh, ar shínigh tusa agus d'fhinné cáilithe sna háiteanna cearta (sna háiteanna aibhsithe)?
- Ar thug tú faoi deara gurb é an 2 Lúnasa 2024 an lá deiridh a nglacfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin le foirmeacha comhlánaithe agus le doiciméid thacaíochta?

Má tá aon cheist agat, féach ar na treoirínte agus/nó déan teagmháil leis na gCoimisiún um Chaighdeáin. Beidh baill foirne an Choimisiúin lánsásta cabhrú leat.